# Cáipéis eolais agus treorach don athfhorbairt ar OSPS na Sraithe Sóisearaí

Le haghaidh comhairliúcháin

Mean Fomhair 2021

# An Clár Ábhar

1. Réamhrá 4

2. An comhthéacs a leagan síos le haghaidh OSPS sa tSraith Shóisearach 5

2.1 Forbairt OSPS/OCG 5

2.2 Cur i bhfeidhm OSPS na sraithe sóisearaí - torthaí 10

2.3 An tAthbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna 14

3. Cleachtas idirnáisiúnta in OSPS 17

4. Athbhreithniú ar ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí 19

4.1 Réamhrá 19

4.2 An próiseas comhairliúcháin 20

4.3 Torthaí an athbhreithnithe 21

5. Conclúid 30

6. Sonraíochtaí sa tsraith shóisearach 33

8. Páipéar treorach le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt OSPS sa tSraith Shóisearach 35

Aguisín 1: Cleachtas idirnáisiúnta in OSPS 38

Aguisín 2: Ceisteanna agallaimh do mhúinteoirí 52

Tagairtí 54

# 1. Réamhrá

Soláthraítear do réimse foghlama ar a dtugtar Folláine sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015). Ó Mheán Fómhair 2022, soláthróidh scoileanna clár Folláine 400-uair mar chuid den tsraith shóisearach ina mbeidh eispéiris foghlama a chuirfidh le folláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta an scoláire. Tá an clár Folláine bunaithe ar an tuiscint gurb ann d'fholláine an scoláire *nuair a éiríonn leis an scoláire barr a chumas a bhaint amach, nuair a thugann sé aire dá fholláine choirp, má éiríonn leis déileáil le gnáthstrus an tsaoil, agus má mhothaíonn sé go bhfuil braistint chómhuintearais aige le pobal níos leithne* (CNCM, Treoirlínte Folláine, 2021). Cé gur féidir le gach múinteoir tacú le folláine an scoláire, cuirtear a thuilleadh léi nuair a bhíonn gnéithe tábhachtacha den fholláine faoi réir foghlama agus teagaisc i réimsí curaclaim ar leith agus go leagtar amach am cuí dóibh. Ar an ábhar seo, is iad Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) mar aon le Corpoideachas agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), na crainn taca ar a dtógfar clár Folláine scoile.


Soláthraíonn an páipéar seo an cúlra agus an comhthéacs a theastaíonn chun gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí a athfhorbairt. Cuirtear tús leis trí fhorbairt OSPS/OCG na sraithe sóisearaí a chur i láthair agus féachann sé ar roinnt de na príomhthorthaí a aimsíodh san athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Déantar meas ar roinnt dearcthaí idirnáisiúnta ar chleachtas Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte i scoileanna i ndlínsí eile. Cuimsítear athbhreithniú ar na léargais luatha ar chur i bhfeidhm ghearrchúrsa OSSP na Sraithe Sóisearaí ann agus cuirtear críoch leis an bpáipéar le treoir mholta d'athfhorbairt shonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí.

# 2. An comhthéacs a leagan síos le haghaidh OSPS sa tSraith Shóisearach

Leagann an chuid seo achoimre ghearr amach ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm OSPS mar chuid den churaclam, ag tabhairt aird faoi leith ar an taithí ar OSPS sa tsraith shóisearach. Déantar achoimre inti freisin ar thaighde tábhachtach agus ar fhianaise eile a fhéadfaidh léargas a thabhairt ar conas a cuireadh an curaclam OSPS i bhfeidhm agus ar an gcuma atá ar theagasc agus ar fhoghlaim sa tsraith shóisearach.

## 2.1 Forbairt OSPS/OCG

### AMLÍNE




*Fíor 1 Amlíne d'fhorbairt OSPS/OCG*

In Éirinn, is féidir OSPS a rianú siar chomh fada le córas an tréadchúraim/córas na ranganna teagaisc i lár na 1970í, agus níos déanaí chomh fada le tionscnaimh chláir níos struchtúrtha, amhail *Life Skills for Health* (1979) agus *On My Own Two Feet* (1991) le Bord Sláinte an

Iarthuaiscirt. In 1994, bhunaigh Niamh Breathnach, a bhí ina hAire ag an am, Sainghrúpa Comhairleach ar Chaidreamh agus Gnéasacht. Chuir an obair a rinne siad le foilsiú an *Churaclaim agus Treoirlínte Eatramhacha don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta* (1996). Ina dhiaidh sin, tugadh OSPS (lena n-áirítear OCG) isteach mar ábhar curaclaim ar chasadh an chéid, rud a thug struchtúr agus comhleanúnachas don ábhar sin a bhí i bhfeidhm ar bhonn neamhfhoirmiúil go minic i scoileanna na hÉireann, agus thug sé spás tiomanta do OSPS ar an gclár ama den chéad uair.

Ag smaoineamh ar fhorbairt stairiúil OSPS, is fiú a lua gur cruthaíodh curaclam agus treoirlínte aonair don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i lár na 1990í.  Cé gur chuir curaclaim OSPS do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna araon ina dhiaidh sin OCG i láthair mar chuid chomhtháite de churaclam níos leithne OSPS, táimid fós ag dul i ngleic le toradh an scartha luaith seo. Ag leibhéal na scoile, is é a d'eascair as sin ná scaradh OCG ón OSPS i dtaca le pleanáil agus teagasc sa seomra ranga agus ag leibhéal córais, d'eascair scaradh sa FGL le haghaidh OSPS agus OCG as. Cuireann Keating (2018) plé níos iomláine ar fáil ar chúlra stairiúil fhorbairt OCG agus OSPS sa churaclam.

I mí Aibreáin 2000, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta siollabas Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sóisearaí agus rinneadh ábhar éigeantach de sa tsraith shóisearach i mí Mheán Fómhair 2003. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Ciorclán M11/03). Bhí an clár OSPS bunaithe ar fhís iomlánaíoch den oideachas a chuireann forbairt iomlán páistí agus daoine óga chun cinn agus a bhfuil sé mar aidhm aici a gcumas a thógáil chun caidreamh sláintiúil a fhorbairt agus a chothú.

Aithníodh ar dtús go dteastaíonn réimse de mhodhanna foghlama agus teagaisc dialógacha agus rannphairteacha agus éascú oilte ó thaobh an mhúinteora ó OSPS. Dá bhrí sin, bheadh an-tábhacht le nádúr agus le méid na dtacaíochtaí forbairt ghairmiúil a theastaíonn ó scoileanna agus ó mhúinteoirí chun OSPS a chur i bhfeidhm go rathúil, agus léiríodh é sin sa struchtúr tacaíochta a cuireadh i bhfeidhm. Tháinig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus boird sláinte réigiúnacha (Feidhmeannacht na Seirbhíse

Sláinte anois) le chéile chun struchtúr tacaíochta a chruthú don churaclam nua agus bunaíodh Seirbhís Tacaíochta OSPS (iar-bhunscoile) i mí Mheán Fómhair 2000[1].

Dearadh Siollabas OSPS na Sraithe Sóisearaí (2000) chun tacú le 70 uair an chloig d'fhoghlaim agus de theagasc (rang amháin in aghaidh na seachtaine thar thrí bliana sa tsraith shóisearach) de réir Chiorclán M22/00.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna a leagadh amach sa siollabas OSPS (2000):

- cur ar chumas na scoláirí scileanna féin-chomhlíonta agus scileanna chun a bheith ag maireachtáil i bpobail a fhorbairt
- féinmheas agus féinmhuinín a chur chun cinn
- cur ar chumas na scoláirí creat le haghaidh cinnteoireacht fhreagrach a fhorbairt
- deiseanna a chur ar fáil chun machnamh agus plé a dhéanamh
- sláinte agus folláine fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach a chur chun cinn

Leag sé na torthaí foghlama amach i ndeich modúl. Is iad sin:

- Muintearas agus imeascadh
- Féinbhainistíocht: braistint chuspóra
- Scileanna cumarsáide
- Sláinte fhisiciúil
- Cairdeas
- Caidreamh agus gnéasacht
- Sláinte mhothúchánach

[1] Bunaíodh Seirbhís Tacaíochta OSPS do bhunscoileanna in 1996 sular tháinig Curaclam na Bunscoile isteach in 1999, ina raibh OSPS ar cheann de 11 réimse ábhair.

- Tionchair agus cinntí
- Úsáid substaintí
- Sábháilteacht phearsanta.

Sa tsraith shinsearach, níl OSPS éigeantach ach caithfidh scoileanna sé cheacht ar a laghad d'Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a theagasc in aghaidh na bliana, fiú nuair nach gcuirtear rang OSPS sceidealaithe ar fáil (Ciorclán 0037/2010). I scoileanna ina bhfuil OSPS mar chuid de chlár na sraithe sinsearaí, tá cuir chuige éagsúla i bhfeidhm lena n-áirítear cur chuige ceardlainne nó seimineáir, aoichainteoirí, modúil OSPS a chur san áireamh san Idirbhliain. I mionlach de na scoileanna déantar OSPS a sceidealú mar ábhar i ngach bliain den tsraith shinsearach le ranganna sceidealaithe seachtainiúla.

D'fhoilsigh CNCM *Creatchuraclam OSPS na Sraithe Sinsearaí* (2011) chun tacú le OSPS a phleanáil ar an leibhéal seo. Is iad na cúig réimse foghlama le haghaidh OSPS na Sraithe Sinsearaí ná:

- Meabhairshláinte
- Staidéar inscní
- Úsáid substaintí
- Caidreamh agus gnéasacht
- Gníomhaíocht choirp agus cothú.

Ag eascairt as an *gCreat don tSraith Shóisearach* (2015), d'fhorbair CNCM gearrchúrsa OSPS 100 uair an chloig, a foilsíodh in 2016. Tá sé d'aidhm ag an ngearrchúrsa seo braistint dhearfach scoláirí dóibh féin agus dá sláinte agus dá bhfolláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta a fhorbairt. Tá sé d'aidhm aige freisin cur ar chumas an duine óig caidreamh folláin a fhorbairt agus a choinneáil.

Gné ar leith a bhaineann leis an ngearrchúrsa ná go soláthraíonn sé solúbthacht inar féidir le scoileanna clár OSPS trí bliana a phleanáil chun freastal ar riachtanais a scoláirí, bunaithe ar thorthaí foghlama leathana. Leagtar amach na torthaí foghlama i gceithre shnáithe:

**Snáithe 1: Cé mé féin?** Díríonn an snáithe seo ar fhéinfheasacht a fhorbairt agus ar fhéinmhuinín a thógáil.

**Snáithe 2: Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile.** Tugann an snáithe seo deiseanna don scoláire machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr ar féidir leis aire a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile.

**Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile.** Díríonn an snáithe seo ar an scoláire ag foghlaim faoi chaidreamh atá tábhachtach ina shaol agus scileanna caidrimh a thógáil.

**Snáithe 4: Mo mheabhairshláinte.** Díríonn an snáithe seo ar mheabhairshláinte dhearfach a thógáil, ag scrúdú thaithí an duine óig ar easláinte mheabhrach agus ag foghlaim le tacú leis féin agus le daoine eile i dtréimhsí dúshlánacha.

Cuireann scoláirí Measúnú Rangbhunaithe (MRB) amháin i gcrích, bunaithe ar thorthaí foghlama i níos mó ná snáithe amháin ar an gcúrsa. Soláthraíonn an MRB an-solúbthacht maidir lena bhéim agus a mhodh cur i láthair agus tá sé i gceist é a dhearadh i gcomhar le scoláirí.

Cuireann Cuid 4 den pháipéar seo torthaí a thagann ó athbhreithniú ar léargais luatha ar an ngearrchúrsa OSPS i láthair.

## 2.2 Cur i bhfeidhm OSPS na sraithe sóisearaí - torthaí

### Fairsinge agus caighdeán na luath-fhorbartha gairmiúla leanúnaí

Níl aon ghanntanas de staidéir taighde ar chur i bhfeidhm OSPS in iar-bhunscoileanna. Is fiú an chéad staidéar mór a cuireadh i gcrích in 2003 a lua. Cuireadh clár fairsing forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil chun tacú le múinteoirí agus OSPS á chur i bhfeidhm acu. Ba chomhpháirtíocht idir an Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) í an tSeirbhís Tacaíochta. Chuir oifigigh forbartha réigiúnaí (ar iasacht ó scoileanna in ionaid oideachais) agus oifigigh um chur chun cinn na sláinte (ó FSS) forbairt ghairmiúil leanúnach shaincheaptha ar fáil do mhúinteoirí a bhí ag tabhairt faoi OSPS den chéad uair, agus do mhúinteoirí a raibh níos mó taithí acu ar OSPS. Áiríodh leis sin tacaíocht scoil-bhunaithe; cúnamh chun clár a phleanáil agus chun beartas a phleanáil; cúnamh chun acmhainní a roghnú agus a úsáid; seimineáir do phríomhoidí scoile agus do ghrúpaí na foirne iomláine, agus a lán eile. Faoi 2003, tuairiscíodh go raibh an tseirbhís tacaíochta *'ag freastal ar líon ard múinteoirí agus go raibh bonnlíne den chéad scoth á soláthar aici'* (Burtenshaw, 2003, lch.18).

### Teacht chun cinn dúshlán córasach

D'ainneoin na dearfachta ginearálta seo ag an tús agus d'ainneoin thuairimí dearfacha na múinteoirí féin ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chuireann gníomhaireachtaí éagsúla ar fáil, léirigh taighde, le himeacht aimsire, roinnt fadhbanna córasacha a chuir bac ar chumas na múinteoirí a thógáil agus a chuir srian ar chur i bhfeidhm rathúil OSPS. Áirítear leo sin stádas íseal an ábhair, droch-chleachtais sceidealaithe, líon ard daoine a bheith ag teagasc OSPS agus líon ard múinteoirí a bheith ag síorathrú, easpa ama do phleanáil agus do chomhordú ábhair in OSPS ar aon dul le hábhair eile, agus tacaíocht forbairt ghairmiúil leanúnach laghdaithe i gcaitheamh na mblianta. (Maynock, 2007, Moynihan, 2012, Nic Gabhann 2007 &2010, CNCM, 2019)

### Roghanna curaclaim

Ó 2016 ar aghaidh, tugadh réimse roghanna sceidealaithe do scoileanna, agus iad ag tabhairt faoi chláir Folláine na sraithe sóisearaí a phleanáil.

- Rogha 1: An tsonraíocht do ghearrchúrsa OSPS CNCM (100 uair an chloig)
- Rogha 2: Gearrchúrsaí OSPS scoil-cheaptha nó ceaptha go seachtrach (100 uair an chloig) a fhorbraítear trí úsáid a bhaint as teimpléad pleanála Aguisín I na dTreoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach ó CNCM (CNCM, nuashonraithe 2021)
- Rogha 3: Cláir/modúil/aonaid eile in OSPS a forbraíodh trí theimpléad pleanála Aguisín I a úsáid
- Rogha 4: Siollabas an Teastais Shóisearaigh le haghaidh OSPS (70 uair an chloig)[2].

Bhí gá leis an réimse seo roghanna agus de réir mar a bhí scoileanna ag iarraidh clár Folláine 400 uair an chloig a fhorbairt, agus mar a theastaigh am uathu chun aistriú ón siollabas OSPS (2000) go dtí an gearrchúrsa OSPS (2016). Chruthaigh sé éiginnteacht áirithe, áfach, mar a léirítear le 30% de 177 múinteoirí a d'fhreastail ar sheimineáir ghréasáin OSPS na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí 2020-2021 ag rá *nach raibh siad cinnte* cén curaclam OSPS a bhí in úsáid acu (Tábla 1). Thuairiscigh roinnt mhaith múinteoirí freisin go raibh an gearrchúrsa á theagasc ach nár tugadh ach 70 uair an chloig sceidealaithe dó.

| **Freagra na Ceiste – Conas atá do scoil ag freastal ar OSPS na sraithe sóisearaí?** | |
|---|---|
| Gach scoláire ag leanúint an ghearrchúrsa | 11.5% |
| Gach scoláire ag leanúint an tsiollabais | 44.2% |
| Roinnt scoláirí ag leanúint an ghearrchúrsa (.i. tá lucht na 1ú bhliana á leanúint ach níl lucht an 2ra/3ú bliain á leanúint) | 13.5% |
| Níl mé cinnte | 30.8% |

*Tábla 1: Seimineár gréasáin OSPS na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí freagra na múinteoirí ar cheist an tsoláthair OSPS*

## Cleachtas ag leibhéal na scoile agus an tseomra ranga.

[2] Nuair atá siad ag pleanáil a gclár Folláine, ó Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh, ba cheart deireadh a chur le húsáid siollabais OSPS agus OSSP na Sraithe Sóisearaí. (An Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, 26/03/21)

Rinne CNCM athbhreithniú ar 16 thuairisc chigireachta OSPS (a rinneadh in 2018-2020) don cháipéis eolais seo. Tháinig roinnt pointí ábhartha chun cinn atá leagtha amach thíos agus baineann an chéad cheann acu le dea-chleachtas. Sna háiteanna a raibh an cleachtas an-mhaith, bhí na nithe seo a leanas soiléir:

- comhphleanáil ábhair agus cleachtas comhghleacúil
- bhí na ceachtanna dírithe ar an scoláire, ábhartha, oiriúnach ó thaobh aoise de agus tarraingteach
- bhí atmaisféar ranga dearfach iontu a chuireann leis an bhfoghlaim in OSPS
- bhí tionchar ag an dea-chleachtas ar an soláthar múinteoirí
- bhí príomh-mheitheal tiomanta de mhúinteoirí OSPS iontu
- thug an cheannasaíocht scoile tús áite do sholáthar agus do thacaíocht do OSPS

Sna háiteanna a d'aimsigh cigireachtaí dúshláin a bhaineann le cur i bhfeidhm an churaclaim, bhain siad seo go príomha leis na nithe seo a leanas:

- úsáid easnamhach d'oideolaíochtaí oiriúnacha
- easpa soiléireachta maidir le cuspóir na foghlama beartaithe
- gá le níos mó machnaimh a dhéanamh ar thairbhe agus ar thábhacht na n-acmhainní OSPS (go háirithe i gcomhthéacs na hoiriúnachta aoise)
- gá le machnamh a dhéanamh ar mheasúnú ar dhul chun cinn foghlama in OSPS
- easpa comhphleanála sa roinn ábhair
- easpa príomh-mheitheal OSPS

I scoileanna ina bhfuil an gearrchúrsa á chur i bhfeidhm, tugann tuairiscí cigireachta le fios gur cheart níos mó airde a thabhairt ar aonaid foghlama, a bhaineann leis na torthaí foghlama, a phleanáil.

Cruthaíonn teagasc OCG, mar chuid lárnach den churaclam OSPS, dúshláin do go leor scoileanna freisin. Sa *Suirbhé um Scileanna Saoil* (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017), níor thuairiscigh ach ceathrú d'iar-bhunscoileanna gur chomhlíon siad an riachtanas de shé rang OCG in aghaidh na bliana do scoláirí iar-bhunscoile; chuir 16% idir trí agus cúig rang ar fáil in aghaidh na bliana; níor chuir 41% ach rang amháin nó dhá rang ar fáil in aghaidh na bliana agus níor chuir 5% aon rang ar fáil. Maidir le topaicí a dtugtar fúthu in OCG na sraithe sóisearaí, is iad na topaicí a gcuireadh an bhéim is mó orthu ná *cumarsáid agus meas*, *freagracht a ghlacadh*, *mothúcháin a chur in iúl*, *ag déileáil le caidreamh*, *athruithe i gcaithreachas agus atáirgeadh daonna*. Thuairiscigh scoileanna go gcuireann siad níos lú béime ar na ceithre thopaic a leanas sa tsraith shóisearach: *toircheas ógánach*, *gnéaschlaonadh*, *ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus frithghiniúint*.

## 2.3 An tAthbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Idir Meitheamh 2018 agus Nollaig 2019, rinne CNCM athbhreithniú mór ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tharraing an t-athbhreithniú seo rannpháirtíocht leathan, rud a léiríonn go bhfuil ardleibhéal suime sa réimse oideachais seo.

### Peirspictíochtaí scoláire

Léiríonn an t-athbhreithniú go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann sa soláthar OCG ó scoil go scoil i dtaca leis na nithe a theagasctar, an chaoi a dteagasctar iad, an duine a dhéanann an teagasc agus an t-am a chuirtear ar fáil lena aghaidh. Tá formhór na scoláirí den tuairim go raibh a dtaithí ar OCG i scoileanna go dona agus dúirt siad go raibh a dtaithí *'easnamhach, ródhéanach agus róbhitheolaíoch'*. (CNCM, 2019, lch.71) I measc gach aoisghrúpa, mhothaigh scoláirí gur minic nach raibh na ceachtanna ag freastal ar a gcuid riachtanas.

Agus iad ag caint faoi OCG, chuir scoláirí in iúl go raibh frustrachas orthu toisc nár tugadh faoi réimse iomlán na dtorthaí foghlama agus toisc gur dhírigh teagasc agus foghlaim go príomha ar na hathruithe fisiciúla a bhaineann le caithreachas. Bhí aiféala ar scoláirí go raibh easpa deiseanna chun foghlaim faoin taobh mhothúchánach a bhaineann le bheith ag fás aníos agus faoi na scileanna a theastaíonn chun caidreamh sláintiúil a chothú ar líne agus sa saol réadúil araon. Labhair siad go minic faoin tábhacht atá le féinfheasacht, le féinmhuinín, le híomhá choirp dhearfach agus le meabhairshláinte dhearfach agus theastaigh uathu iad seo a phlé ina rang OSPS. Bhí siad den tuairim go ndearnadh dearmad ar roinnt topaicí tábhachtacha nó go ndearnadh beag díobh sa seomra ranga OSPS, amhail tionchar na meán sóisialta ar chaidreamh agus ar ionchais daoine óga faoi ghníomhaíocht ghnéasach. Dúirt go leor scoláirí freisin gur mhaith leo foghlaim faoin éagsúlacht caidrimh agus féiniúlachtaí gnéasacha atá ann agus gur mhaith leo go n-aithneofaí saol daoine LADTA+ i gceachtanna OSPS.

Agus iad ag caint níos leithne faoi OSPS, thug scoláirí faoi deara gur dhírigh múinteoirí OSPS go príomha ar shláinte agus cothú a theagasc, mar aon le bulaíocht agus mí-úsáid substaintí agus luaigh siad go ndéantar athrá ar na topaicí seo nach bhfuil gá leis.

Don scoláire, ba é an múinteoir an príomháisitheoir, i dtaca le heispéireas OCG ardchaighdeáin. D'aithin scoláirí a thábhachtaí atá sé múinteoir a bheith ann atá compordach muiníneach agus é i mbun theagasc an ábhair, atá oscailte agus neamhbhreithiúnach, ag a mbíonn caidreamh maith leis na scoláirí agus atá in ann foghlaim dhialógach agus rannpháirtíoch a éascú. Sa chomhthéacs seo, cheistigh scoláirí an nóisean go bhféadfadh múinteoir ar bith OSPS/OCG a theagasc.

## Peirspictíochtaí múinteoirí

Mar mhacalla ar pheirspictíochtaí na scoláirí, labhair múinteoirí faoin tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil múinteoirí chun OCG a theagasc go héifeachtach. Ba mhaith leo forbairt ghairmiúil leanúnach níos fearr a bheith ann agus luaigh go leor acu an gá le cáilíocht ghairmiúil réamhsheirbhíse agus iarchéime araon in OSPS/OCG. In iar-bhunscoileanna, aontaíonn múinteoirí go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar go leor saincheisteanna imní a bhaineann le OSPS/OCG a theagasc dá bhféadfaidís an t-ábhar a roghnú lena theagasc agus rochtain a fháil ar fhorbairt ghairmiúil chuí chun tacú leo sin a dhéanamh.

D'aithin múinteoirí d'aon ghuth an gá le ham maidir le pleanáil, comhordú agus cumarsáid a dhéanamh laistigh dá bhfoirne scoile. Dúirt siad gur rud neamhghnách é am struchtúrtha don phleanáil OCG i scoileanna. Ba mhaith le múinteoirí OSPS/OCG deiseanna a fháil le dul i mbun líonraithe agus foghlaim chomhoibríoch le múinteoirí i scoileanna eile.

Tosaíocht eile a d'aithin múinteoirí is ea curaclam nuashonraithe a dhíríonn ar an bhfoghlaim thábhachtach is gá chun tacú le daoine óga agus iad ag fás aníos sa domhan sa lá atá inniu ann. Ba mhaith le múinteoirí níos mó soiléireachta a fháil maidir leis na topaicí ar chóir do mhúinteoirí dul i ngleic leo ag céimeanna difriúla d'fhoghlaim daoine óga in OCG. Chuirfeadh múinteoirí fáilte roimh threoir agus soiléireacht fheabhsaithe curaclaim, cé gur chuir roinnt múinteoirí in iúl go gcaithfear níos mó sainiúlachta a chothromú le solúbthacht éigin chun chur ar chumas scoileanna freastal ar riachtanais scoláirí ar leith.

Mar gheall ar an athbhreithniú, bhí comhaontú láidir idir na páirtithe leasmhara go léir go gcaithfidh an cur chuige do OCG a bheith bunaithe go láidir ar riachtanais agus ar chearta daoine óga agus gur cheart dó a bheith oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de, ábhartha ó thaobh cultúir agus comhthéacs de, ionchuimsitheach ó thaobh a chur chuige de agus iomlánaíoch agus é ag caitheamh le gach gné de chaidreamh agus de ghnéasacht.

Le linn an athbhreithnithe a rinneadh ar OCG, nuair a iarradh orthu a dtuairimí a thabhairt faoi na gnéithe a chuirfeadh leis an taithí ar OCG i scoileanna a fheabhsú, is iad na nithe a luadh ba mhinice iad, cáilíocht ghairmiúil múinteora, tacaíocht ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí, leithdháileadh níos mó ama, agus an gá le curaclam agus le hábhair thacaíochta nuashonraithe. Go ginearálta, d'aontaigh gach páirtí leasmhar gurb é forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí *an t-aon* phríomhháisitheoir le haghaidh OCG níos éifeachtaí.

# 3. Cleachtas idirnáisiúnta in OSPS

Téann cleachtas Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte i scoileanna i dtíortha eile siar níos mó ná caoga bliain. Féadfaidh freagracht as curaclam a fhorbairt a bheith éagsúil i dtíortha difriúla - in amanna is í an Aireacht Oideachais a bhíonn i gceannas air, agus in amanna eile is í an Aireacht Sláinte a bhíonn i gceannas air. Aithnítear ar fud an domhain gur suíomhanna tábhachtacha iad scoileanna d'oideachas sláinte agus folláine mar forbraítear an chuid is mó de shlite maireachtála, d'iompraíochtaí, de nósanna agus de dhearcthaí le linn na hóige. Chruthaigh taighde nua ar an nasc idir sláinte agus folláine an scoláire agus spriocanna oideachais a bhaint amach feasacht mhéadaithe ar thábhacht an oideachais shóisialta, phearsanta agus shláinte ar fud bhallstáit na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) (ECFE, PISA, 2017).

Cuireann Aguisín 1 achoimre ar aidhm agus ar réasúnaíocht phríomhshnáitheanna ábhar an churaclaim do OSPS i láthair sa chéim arb ionann é agus an tSraith Shóisearach i gceithre thír.

| **Tír** | **Teideal an ábhair:** |
|---|---|
| An Astráil | Oideachas sláinte agus corpoideachais, OSC |
| Sasana | Oideachas Pearsanta, Sóisialta, Sláinte agus Eacnamaíochta, OPSSE |
| An Nua-Shéalainn | Oideachas sláinte agus corpoideachais, OSC |
| Albain | Sláinte agus Folláine/oideachas pearsanta agus sóisialta (SF/OPS) |

*Tábla 2: OSPS i gceithre dhlínse idirnáisiúnta*

Tá cláir OSPS reachtúil sa cheithre thír agus i measc ghnéithe coitianta na gclár cuirtear béim ar na nithe a leanas:

- Sláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear litearthacht sláinte agus gníomhaíocht choirp

- Tuiscint, scileanna agus luachanna a chothú atá riachtanach chun caidreamh atá sláintiúil agus measúil a fhorbairt
- Scileanna mothúchánacha a fhorbairt amhail féinfheasacht, féinmhuinín agus athléimneacht
- An t-eolas agus na scileanna a fhorbairt atá ag teastáil le haghaidh cinnteoireacht agus féinbhainistíocht shláintiúil
- Rioscaí/iompar contúirteach a thuiscint, tuiscint ar conas a bheith sábháilte agus conas cabhair a lorg.
- Freagracht phearsanta agus shóisialta – tuiscint ar an idirghníomhú idir gníomhartha agus folláine an duine agus gníomhartha agus folláine daoine eile
- Ardleibhéal neamhspleáchais áitiúil maidir le cinneadh a dhéanamh ar conas a dhéantar cláir a theagasc ar leibhéal an tseomra ranga le cinntiú go bhfuil siad oiriúnach ó thaobh comhthéacs agus aoise de.

Léiríonn na samplaí a leagtar amach in Aguisín 1 conas a bhainistíonn ceithre thír an teannas idir cur chuige solúbtha don phleanáil le haghaidh OSPS agus iad ag déanamh a ndícheall comhsheasmhacht agus soiléireacht a bheith ann. Aithnítear go bhfuil gá le méid áirithe neamhspleáchais, mar gheall ar nádúr OSPS agus toisc go mbeidh ceisteanna, ábhair imní agus riachtanais dhifriúla ag scoláirí i seomraí ranga OSPS difriúla. Mar gheall air sin, caithfidh múinteoirí a bheith in ann a gclár OSPS a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais shainiúla a scoláirí, riachtanais a bhíonn ag síorathrú. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach go mbíonn deis ag gach scoláire tabhairt faoin bhfoghlaim lárnach agus nach roghnaíonn múinteoirí topaicí níos sábháilte nó topaicí a measann siad a bheith tábhachtach agus topaicí eile a fhágáil ar lár. Bíonn sé dúshlánach i go leor tíortha cothromaíocht a aimsiú idir curaclam solúbtha agus curaclam atá leagtha amach do OSPS, agus tá sé chomh dúshlánach céanna i gcomhthéacs na hÉireann.

# 4. Athbhreithniú ar ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar na príomhtheachtaireachtaí a d'eascair as an athbhreithniú ar ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí agus críochnaíonn sé le moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí dul i ngleic leo in athfhorbairt an churaclaim.

## 4.1 Réamhrá

Rinne CNCM athbhreithniú ar ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí idir an 3 Feabhra agus an 19 Márta 2021. Rinneadh an t-athbhreithniú sin a dhearadh chun taithí múinteoirí agus scoláirí ar a bheith ag obair le sonraíocht an ghearrchúrsa OSPS a fhiosrú agus a mheas.

Is mian le CNCM buíochas a ghabháil leis na scoileanna a rinne éascaíocht ar na hagallaimh mar chuid den athbhreithniú, mar aon le feasacht a roinnt agus a ardú maidir le tábhacht ghuth an scoláire san am dúshlánach seo. Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Oideachais, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SGFM) agus oideachasóirí tosaigh do mhúinteoirí as am a thógáil chun páirt a ghlacadh sna hagallaimh.

Ó 2016 ar aghaidh, tá rogha ag scoileanna gearrchúrsaí in OSSP, in OSPS agus i gcorpoideachas a áireamh mar chuid dá gclár Folláine sa tsraith shóisearach. Tá sé deacair figiúirí feidhmithe beachta a chinntiú. Cé go léiríonn figiúirí ó iar-bhunscoileanna a cuireadh chuig an Roinn Oideachais (do 2018-2019) go bhfuil an gearrchúrsa OSPS á chur ar fáil ag 34 scoil, tuairiscíonn 35 scoil eile go bhfuil gearrchúrsa dar teideal 'Folláine' á chur ar fáil acu, a bhféadfadh leagan athleasaithe ag an scoil den ghearrchúrsa OSPS a bheith ann. Tá an scéal níos casta fós mar gheall go dtuairiscíonn go leor múinteoirí go bhfuil an gearrchúrsa (nó leagan laghdaithe de) á theagasc acu laistigh de 70 uair an chloig sceidealaithe (rang 40-nóiméad amháin in aghaidh na seachtaine) in ionad an 100 uair an chloig a mholtar don ghearrchúrsa.

## 4.2 An próiseas comhairliúcháin

De bharr na gcúinsí uathúla mar thoradh ar phaindéim Covid-19, bhí gá le hathmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí dul i gcomhairle le múinteoirí, le scoláirí agus le páirtithe leasmhara eile ar bhealach a bhí ag teacht le comhairle sláinte phoiblí, ach go rabhthas fós in ann sonraí cabhracha agus fiúntacha a bhailiú.

Bailíodh aiseolas ar na bealaí seo a leanas:

- Rinneadh agallaimh ar an nguthán agus/nó cruinnithe Zoom le 16 mhúinteoir OSPS. Léirigh na múinteoirí cineálacha éagsúla scoileanna, comhthéacsanna agus limistéar tíreolaíochta. Mhair gach agallamh thart ar uair an chloig.
- Chuir 77 múinteoir OSPS suirbhé ar líne i gcrích. Scaipeadh an suirbhé seo ar gach scoil a chuir in iúl go raibh an gearrchúrsa OSPS nó gearrchúrsa beartaithe ag an scoil dar teideal 'Folláine' á theagasc acu. Ina theannta sin, roinneadh an nasc don suirbhé ar shuíomh gréasáin CNCM, trí na meáin shóisialta agus trí theagmhálaithe ríomhphoist na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí do mhúinteoirí OSPS.
- Roinneadh suirbhé scoláirí ar líne le rogha randamach de scoláirí OSPS na 2ra agus na 3ú bliana sna scoileanna céanna mar a dírítear orthu thuas agus trí shuíomh gréasáin CNCM. D'fhreagair 437 scoláire - dúirt 282 acu go raibh siad sa 2ra bliain agus dúirt 155 acu go raibh siad sa 3ú bliain.
- Cuireadh cruinniú comhairliúcháin Zoom ar bun le seisear scoláirí 3ú bliana i scoil amháin.
- Cuireadh agallaimh duine le duine ar bun le ceathrar oideachasóirí múinteoirí a bhfuil baint acu le modúil roghnacha OSPS a theagasc i dtrí choláiste oideachais (COBÁC, OCBÁC agus Coláiste San Aingeal).

As na 77 múinteoir a líon an suirbhé comhairliúcháin CNCM ar líne le déanaí, dúirt 54 acu go raibh an gearrchúrsa á theagasc ina scoil, dúirt 19 acu nach raibh an gearrchúrsa a theagasc ina scoil agus ní raibh a fhios ag ceathrar múinteoirí cén curaclam a bhí á leanúint. Nuair a rinneadh suirbhé orthu maidir leis na cúiseanna a bhí acu an gearrchúrsa OSPS a chur i

bhfeidhm, ba iad na príomhchúiseanna a tugadh ná gur *réitigh sé go maith lenár bpleanáil ghinearálta d'Fholláine na sraithe sóisearaí, áiríodh foghlaim thábhachtach dár scoláirí in OSPS sa ghearrchúrsa* agus gur *chinntigh an gearrchúrsa níos mó ama do OSPS na sraithe sóisearaí – 100 uair an chloig.*

## 4.3 Torthaí an athbhreithnithe

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar na torthaí a bhain le cur i bhfeidhm shonraíocht an ghearrchúrsa do OSPS. Cuireann sí aiseolas i láthair maidir le haidhm agus réasúnaíocht na sonraíochta, an taithí ar na torthaí foghlama a úsáid, mar aon le haiseolas eile a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú an ghearrchúrsa.

### 4.3.1 AIDHM AGUS RÉASÚNAÍOCHT NA SONRAÍOCHTA

Tá formhór a bhfreagróirí den tuairim gur cuid luachmhar den chlár Folláine é an gearrchúrsa OSPS. D'aontaigh múinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara eile go n-éascaíonn an tsonraíocht OSPS foghlaim thábhachtach faoi réimse leathan topaicí atá ábhartha do shaol daoine óga sa lá atá inniu ann. Bhí freagróirí den tuairim gur léirigh an aidhm an méid atáthar ag iarraidh a bhaint amach le OSPS, is é sin *'braistint dhearfach scoláirí dóibh féin agus dá sláinte agus dá bhfolláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta a fhorbairt. Tá sé d'aidhm aige freisin cur ar chumas an duine óig caidrimh fholláine a fhorbairt agus a choinneáil* (CNCM, 2016, lch.5).

Chuir roinnt acu in iúl gur thuig siad nach bhféadfaidh an aidhm seo a bheith mar an t-aon chúram atá ag an rang OSPS agus gur féidir le gach múinteoir agus go gcaithfidh gach múinteoir cur leis an bhfoghlaim seo.

Nuair a iarradh orthu a dtuairimí a thabhairt maidir leis an réasúnaíocht, d'fháiltigh freagróirí roimh an mbéim a leagann sé ar scileanna saoil tábhachtacha a fhorbairt agus roimh oideachas caidrimh agus gnéasachta a lua go sonrach. Thug roinnt páirtithe leasmhara le fios gur cheart don réasúnaíocht nádúr comhthéacsúil OSPS a thaispeáint agus nach mór do phleanáil le haghaidh OSPS a bheith bunaithe ar riachtanais agus ar ábhair shuime na ndaoine óga ar leith sa rang, ach a bheith bunaithe ar an tsonraíocht ag an am céanna. Sa chomhthéacs seo, tugadh le fios gur cheart béim a leagan ar ghuth an scoláire.

*'An bhféadfadh an tsonraíocht athbhreithnithe an gá le comhairliúchán agus comhoibriú níos fearr le scoláirí a dhaingniú maidir le teagasc agus foghlaim ábhartha a phleanáil in OSPS?' (Cigireacht na Roinne Oideachais)*

Thug iad siúd a bhíonn ag obair leis na seirbhísí tacaíochta le fios go bhféadfaí na sé tháscaire folláine a úsáid chun réasúnaíocht níos soiléire a chur faoin ngearrchúrsa ná mar atá ann faoi láthair. Tugadh le fios freisin go mb'fhéidir go mbeadh gá leis an aidhm agus an réasúnaíocht a nuashonrú chun an domhan ina mairimid anois a léiriú, mar gheall ar an bpaindéim agus úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta.

Ina theannta sin, thug roinnt páirtithe leasmhara le fios go bhféadfadh réasúnaíocht athbhreithnithe tábhacht OSPS a léiriú maidir le páistí agus daoine óga a chosaint agus maidir leis na scileanna a theastaíonn uathu a thógáil le bheith in ann rioscaí a aithint agus a bhainistiú. Thug roinnt daoine le fios gur cheart an nasc idir riachtanais chosanta páistí na scoile agus soláthar ardchaighdeán OSPS a lua go sonrach.

Ar deireadh, cuireadh imní in iúl maidir le cé acu an féidir nó nach féidir aidhm agus cuspóir an ghearrchúrsa a chur i bhfeidhm go hiomlán gan tacaíocht chórasach do OSPS sna scoileanna agus sa chóras níos leithne araon. Tugtar eolas breise maidir leis na constaicí a bhaineann le barr cumais an ghearrchúrsa a bhaint amach go hiomlán sna codanna a leanas.

### 4.3.2 SNÁITHEANNA AGUS TORTHAÍ FOGHLAMA

Ar an iomlán, d'aontaigh múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile ar daoine fásta iad go gcuireann ollstruchtúr an ghearrchúrsa, atá tógtha thar cheithre shnáithe, struchtúr cabhrach ar fáil ar cheart é a choinneáil i gcúrsa athfhorbartha. Aontaíodh freisin go bhfuil na téamaí agus na topaicí a ainmnítear sna ceithre shnáithe fós ábhartha d'fhoghlaim daoine óga.

*'Dáiríre, tá mé cuibheasach sásta leis an gcúrsa - toisc go bhfuil an tsolúbthacht ann chun freagairt do thaithí saoil an scoláire laistigh de chreat na Snáitheanna'. (Múinteoir)*

*'Dea-struchtúrtha, cúrsa leathan. Os rud é go bhfuil ceithre shnáithe ann, tá sé an-dírithe agus mothaítear go bhfuiltear ag tógáil ar réamheolas an scoláire trí*

*cheithre shnáithe a chlúdach in aghaidh na bliana. Is maith liom é agus is maith liom é a theagasc ar an gcaoi atá sé anois.' (Múinteoir)*

Cé gur fháiltigh siad roimh na snáitheanna, thug roinnt daoine a cuireadh faoi agallamh le fios go bhféadfaí Snáithe 3, *Team Up*, a athainmniú chun an bhéim a leagann sé ar chaidreamh, lena n-áirítear caidreamh gnéis, a chur in iúl ar bhealach níos soiléire. Tugadh le fios freisin gur fiú smaoineamh ar dhearadh agus ar leagan amach sonraíochta nua a chur i bhfeidhm ionas gur féidir nádúr comhtháite na foghlama ar fud na snáitheanna a léiriú ar bhealach físiúil (i gcodarsnacht le leagan amach reatha na gceithre shnáithe agus na dtorthaí foghlama atá leagtha amach ar bhealach líneach).

D'fháiltigh roinnt múinteoirí roimh chur chuige na dtorthaí foghlama, agus iad den tuairim gur chuir na torthaí foghlama solúbthacht agus raon ar fáil don fhoghlaim dírithe ar an scoláire. Labhair daoine eile faoina dhúshláin agus chuir siad in iúl go raibh gá le níos mó ama agus tacaíochta don phleanáil trí úsáid a bhaint as na torthaí foghlama. Dúirt roinnt mhaith freagróirí gur mhaith leo go mbeadh cuspóir na dtorthaí foghlama níos sainiúla agus níos soiléire, go háirithe na cinn a bhaineann le caidreamh agus le gnéasacht. Tuigeann múinteoirí OSPS an fonn soiléireachta seo mar gheall ar nádúr íogair an-chuid den ábhar in éineacht le múinteoirí a bheith ag teagasc OSPS nach mothaíonn muiníneach nó cumasach sa réimse áirithe seo den churaclam, b'fhéidir.

*'Tá na torthaí foghlama i bhfad ró-leathan agus ní thugann siad go leor treorach ar fáil nuair a chuirtear san áireamh nach gcuirtear oiliúint múinteoirí ar fáil agus go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach easnamhach'. (Múinteoir)*

Bhí roinnt múinteoirí den tuairim freisin go raibh an iomarca torthaí foghlama ann ach d'fhéadfaí go bhfuil baint ag ráitis den chineál seo le sceidealú cuí a bheith ar lár mar a léirítear sa ráiteas seo:

*'Ceapaim go bhfuil na torthaí foghlama go léir ábhartha ach níl go leor ama againn ach chun díriú ar roinnt acu - sin an fhadhb is mó. Is minic a úsáidtear OSPS le haghaidh rudaí eile mar ní bhíonn meas ag na scoláirí (agus ag an mbainistíocht, in amanna) ar rang 40-nóiméad amháin in aghaidh na seachtaine agus ní féidir linn aon toradh foghlama a chlúdach go mion agus ní dhírítear ar chuid acu ar chor ar bith'. (Múinteoir)*

I dtéarmaí ginearálta, is é an príomhthéama a tháinig chun solais a bhaineann le taithí ar an ngearrchúrsa ná go bhfuil an phleanáil trí úsáid a bhaint as torthaí foghlama ag céim an-luath agus go bhfuil tacaíocht forbartha gairmiúla breise agus am le haghaidh comhphleanála ag teastáil - ar aon dul le hábhair eile.

Maidir le torthaí foghlama sonracha a meastar gur gá athbhreithniú a dhéanamh orthu nó iad a shoiléiriú i ngearrchúrsa athfhorbartha, tháinig na moltaí a leanas ó mhúinteoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile ar daoine fásta iad:

- Ba cheart go leagfadh na torthaí foghlama a bhaineann go díreach le OCG amach go soiléir cé na topaicí a bhfuiltear ag súil go gclúdóidh múinteoirí iad, amhail frithghiniúint, toiliú, pornagrafaíocht, tionchar na meán sóisialta ar fhéinmhuinín agus ar chaidreamh, agus foréigean gnéis agus ar bhonn inscne.
- Tá sé tábhachtach machnamh cúramach a dhéanamh ar na briathra a úsáidtear i ngach toradh foghlama. Mar shampla, ní leor é in amanna iarraidh ar an scoláire 'machnamh a dhéanamh'. Mar an gcéanna, d'fhéadfaí go mbeadh sé ródheacair iarraidh ar an scoláire 'léirmheas a dhéanamh' nó 'anailís a dhéanamh' i gcásanna ar leith, amhail toradh foghlama 4.6 *déan léirmheas ar na seirbhísí sláinte mheabhrach atá ar fáil do dhaoine óga*.
- Meastar go raibh roinnt torthaí foghlama doiléir agus go rachadh sé chun tairbhe dóibh iad a shoiléiriú, amhail toradh foghlama 2.4 *idirdhealú a dhéanamh idir aire atá oiriúnach a thabhairt agus a fháil* agus toradh foghlama 3.3 *a gcumas a aithint chun cairdeas a dhéanamh agus a bheith acu*. Mar an gcéanna, is gá na torthaí foghlama i snáithe 4 a bhaineann le caillteanas agus bás a shoiléiriú mar tá sé tugtha faoi deara ag na seirbhísí tacaíochta go gceapann formhór na múinteoirí gurb ionann 'caillteanas agus bás' agus 'duine a bheith marbh'. D'fhéadfadh fonóta a bheith cabhrach a léiríonn fairsinge na n-eispéireas de chaillteanas a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do dhaoine óga a thaispeáint.
- Táthar den tuairim go raibh roinnt torthaí foghlama ró-leathan agus iomarcach go pointe, amhail toradh foghlama 1.4 *an chaoi a mbaineann gnéasacht agus féiniúlacht inscne le bheith i do dhuine daonna a aithint agus go bhfuil toisí bitheolaíocha, síceolaíocha, cultúrtha, sóisialta agus spioradálta leis* agus toradh foghlama 4.12 *an chaoi a gcuirtear caillteanas agus méala in iúl i gcomhthéacsanna agus i gcultúir éagsúla a chur i gcomparáid le chéile*.

- Ba cheart smaoineamh ar thorthaí foghlama a chur san áireamh a thacaíonn le guth an scoláire.
- Chuirfeadh gluais de bhriathra a úsáidtear i dtorthaí foghlama go mór le sonraíocht athbhreithnithe.

Ag breathnú ar shuirbhé na scoláirí, tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara cé na torthaí foghlama is tábhachtaí dar le daoine óga, is iad sin na torthaí foghlama a bhaineann le *meabhairshláinte dhearfach* agus le *bheith ag dul i ngleic le cruatan an tsaoil*.

Ar an iomlán, mhothaigh na scoláirí go gcuireann an cúrsa, mar a chuirtear i láthair é sa tsonraíocht, go leor foghlama san áireamh atá idir shuimiúil agus ábhartha, agus bhí siad den tuairim go raibh gach ceann de na ceithre shnáithe tábhachtach. Níor cheap siad go raibh an fhoghlaim ar fad á clúdach ina seomraí ranga, áfach. Spreag an méid seo scoláire amháin le rá gur mhaith leis *'léaráid a bheith ann a léiríonn na snáitheanna go léir ionas go bhfuil a fhios againn cé na rudaí ar cheart dúinn a bheith ag foghlaim*, agus mhol scoláire eile *go gcaithfidh múinteoirí na hábhair foghlama a phlé leis na scoláirí agus go gcaithfear an príomhábhar a aontú le chéile.'*

Nuair a iarradh orthu topaicí a ainmniú ar mhaith leo níos mó a fhoghlaim fúthu ina rang OSPS, is iad na topaicí a leanas a luaigh na scoláirí is minice iad: *meabhairshláinte*, *conas aire a thabhairt dom féin*, *conas plé le cairde nach bhfuil ag éirí go maith leo*, *neamhoird itheacháin*, *íomhá choirp*, *conas saol sláintiúil a chothú*, *conas na meáin shóisialta a bhainistiú*, *conas tú féin a chosaint ar líne.*

Ar an iomlán, bhí scoláirí sásta leis na snáitheanna agus leis na topaicí laistigh den chúrsa go ginearálta agus ba é an t-ábhar cáinte ba mhó a bhí acu ná nach raibh deis acu tabhairt faoi na torthaí foghlama ar fad ina n-iomláine, athrá ar na topaicí thar na mblianta gan braistint go raibh dul chun cinn á dhéanamh, agus ag caitheamh le topaicí ar bhealach páistiúil nó díspeagúil.

> *'Bíonn siad ag labhairt linn amhail is dá mba pháistí muid in amanna'. (Agallamh scoláire)*
>
> *'Teastaíonn níos mó eolais faoin saol mar atá uainn – eolas faoin saol a chaithfear a bheith ar eolas againn ach nach bhfoghlaimímid ar scoil'. (Ráiteas ar líne ó scoláire)*

*'Níor cheart an oiread sin ama a chaitheamh ar rudaí atá simplí don aois atá againn amhail 'conas a bheith i do chara'. 'Ba cheart dúinn díriú ar rudaí níos aibí'. (Ráiteas ar líne ó scoláire)*

### 4.3.3 TEAGASC SA SEOMRA RANGA, FOGHLAIM AGUS MEASÚNÚ LEANÚNACH

Tá roinnt múinteoirí OSPS den tuairim go bhfuil ag éirí go maith leis an bpleanáil chomhoibríoch agus leis na torthaí foghlama a úsáid chun aonaid foghlama a fhorbairt mar a léirítear sna ráitis a leanas:

*'Cuirtear an phleanáil i gcrích ar bhonn comhoibríoch. Éiríonn go maith léi. Do mhúinteoirí nua atá ag teacht ar bord, is léir dóibh cé na torthaí foghlama a ndírítear orthu'. (Múinteoir)*

*'Tá 3 mhúinteoir sa scoil a bhfuil baint acu le seachadadh an ghearrchúrsa OSPS. Oibrímid go maith le chéile. Tá sé tábhachtach mar roinn plean 3 bliana a leagan amach leis na torthaí foghlama. Ní bhainimid úsáid as leabhair sa scoil seo. Agus muid ag seachadadh ó chian, roinneamar pleananna ceachta le chéile agus d'éirigh go maith leis sin. Tá sé an-tacúil'. (Múinteoir)*

I gcás roinnt mhaith múinteoirí, áfach, ní gnáthrud é am foirmiúil pleanála le haghaidh OSPS. Is iomaí cúis atá leis seo, ach is iad na príomhchinn a luaitear ná go mbíonn líon mór múinteoirí sceidealaithe i roinnt scoileanna chun OSPS a theagasc agus gurb é OSPS an dara nó an tríú hábhar a theagascann go leor múinteoirí OSPS – mar gheall ar an dá chúis sin, bíonn sé deacair OSPS a chomhordú agus cruinnithe OSPS a reáchtáil. Tá baint aige seo, in éineacht leis an nganntanas de dheiseanna oiliúna tosaigh do mhúinteoirí agus de dheiseanna forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí OSPS, le bheith ag brath an iomarca ar théacsleabhar agus le cur chuige cúramach i leith topaicí teagaisc.

*'Is meitheal mhór é 22 mhúinteoir agus ní bhuailimid le chéile. Bhuailfeadh go leor múinteoirí le chéile i ngrúpaí níos lú lasmuigh d'am scoile ach ní le linn am scoile'. (Múinteoir)*

*'Tá ár gcruinnithe bunaithe go príomha ar acmhainní a roinnt agus na rudaí a n-éiríonn go maith leo agus na rudaí ar cheart dúinn a sheachaint ó thaobh an*

> *tsoláthair de. Shocraíomar ar théacsleabhair a úsáid leis an 1ú, an 2ra agus an 3ú bliain'. (Múinteoir)*
>
> *'Agus iad ag brath ar an leabhar, bíonn múinteoirí ag brath ar léirmhíniú duine eile maidir le céard is foghlaim thábhachtach in OSPS ann. Glacann siad leis nach bhfuil sé ar an gcúrsa mura bhfuil sé sa leabhar'. (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)*
>
> *'Níl formhór na múinteoirí ag úsáid na sonraíochta don phleanáil. Bíonn an phleanáil á tiomáint ag an téacsleabhar'. (Cigire na Roinne Oideachais agus Scileanna)*

Tugann an suirbhé ar líne le fios go dtaitníonn an rang OSPS le scoláirí go ginearálta agus go gceapann siad gur spás é inar féidir leo páirt a ghlacadh i gcomhráite suimiúla gan brú scrúdaithe a bheith orthu. Dúirt roinnt scoláirí freisin gur mór acu an deis a thugann OSPS dóibh machnamh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí, ar thuairimí agus ar luachanna éagsúla.

Ó thaobh teagaisc agus foghlama de, dúirt na scoláirí a ghlac páirt i gcruinniú comhairliúcháin do scoláirí gur mhaith leo go mbeadh ceachtanna OSPS:

- ábhartha – *'Labhair linn faoi fhadhbanna a bhaineann leis an saol mar atá'.*
- ionchuimsitheach – *'Oideachas gnéis NACH do lánúineacha heitrighnéasacha amháin é.*
- a gcuid eolais agus scileanna a thógáil de réir a chéile – '*Ba cheart go mbeadh beagán níos mó eolais ag lucht na tríú bliana i roinnt topaicí toisc go bhfuilimid ag forbairt agus ag fás gan an t-eolas seo a bheith againn'.*

Ba mhaith le scoláirí go dtabharfaí *'guth níos airde maidir leis an méid a fhoghlaimímid'* dóibh. Nuair a cuireadh ceist orthu faoin measúnú foghlama in OSPS, dúirt roinnt scoláirí gur thaitin tionscadail ghrúpa leo ach gur mhothaigh siad gur baineadh an-iomarca úsáid as póstaer a chruthú mar mhodh measúnaithe – *bíodh deireadh leis na póstaeir le do thoil!*

Léirítear cuid mhaith de thuairimí na scoláirí a ndéantar achoimre orthu thuas san aiseolas a thug na cigirí OSPS, agus meithleacha an SSM agus an SFGM a ndeachaigh faoi agallamh mar chuid den athbhreithniú seo. Chuir na cigirí imní in iúl nach bhfuiltear ag tabhairt faoi raon agus scóip iomlán na dtorthaí foghlama i gceachtanna OSPS agus go dtugtar faoi thopaicí áirithe amhail cairdeas, bulaíocht agus réim bia shláintiúil níos minice. Chuir siad imní in iúl freisin nach mbíonn na ceachtanna i gcónaí oiriúnach don aois ná don chéim.

> *'Is minic a bhíonn na ceachtanna ar leibhéal páistiúil* agus *nach léiríonn siad saol réadúil na ndéagóirí. Tá na déagóirí seo amuigh faoin saol agus tá siad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh dóibh féin...teastaíonn bealaí fiúntacha agus ábhartha uathu chun páirt a ghlacadh sa rang OSPS'. (Agallamh leis an gCigireacht)*

Nuair a cuireadh ceist orthu faoi mheasúnú agus faoi thuairisciú na foghlama, d'aontaigh an chigireacht agus na seirbhísí tacaíochta araon nach bhfuil forbairt iomlán déanta ar chleachtais mheasúnaithe mhúnlaithigh agus shuimithigh in OSPS fós. Thug na seirbhísí tacaíochta *'cur i gcoinne an mheasúnaithe fhoirmiúil in OSPS'* faoi deara mar mothaíonn múinteoirí go mbíonn *'go leor brú' i* gceist le measúnú agus nach ionann é agus a bheith ag tacú le folláine an scoláire mar sin. Thug na cigirí raon teoranta cuir chuige measúnaithe faoi deara, agus chonaic siad gurb é póstaer a dhearadh an cur chuige is coitianta. Mar fhocal dearfach, tá roinnt scoileanna ag cur tús leis na Táscairí Folláine a úsáid chun a dtuairisciú leanúnach ar OSPS a dhéanamh agus d'fháiltigh roinnt agallaithe roimh aithint na foghlama ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a thugtar do OSPS anois.

### 4.3.4 MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE

Cosúil le gearrchúrsaí eile na sraithe sóisearaí, ní mór do scoláirí measúnú rangbhunaithe (MRB) amháin a chur i gcrích in OSPS agus is féidir é seo a chur i gcrích am ar bith le linn na dara nó na tríú bliana. Ag an gcéim luath seo i gcur i bhfeidhm an ghearrchúrsa, is beag scoil a chuir MRBanna OSPS i gcrích agus is lú scoil fós a chuir cruinniú AFMÁ ar bun. As na 77 múinteoir a líon an suirbhé ar líne, níor chuir ach 14 in iúl gur chuir siad MRB i gcrích. Dúirt beirt as na 16 mhúinteoirí a chuaigh faoi agallamh gur chuir siad MRBanna i gcrích lena gcuid scoláirí.

Cé gur cinnte go raibh baint ag an bpaindéim leis an leibhéal íseal rannpháirtíochta sna MRBanna OSPS, léiríonn suirbhé na múinteoirí go bhfuil drogall ar roinnt scoileanna MRBanna a chur i gcrích in OSPS. Is cosúil nach dtuigtear go soiléir an tábhacht atá leo agus, i gcásanna áirithe, chuir múinteoirí imní in iúl go bhféadfadh MRB sa bhreis in OSPS imní agus strus a chur ar scoláirí.

Bhí na freagraí ar líne a bhaineann leis an MRB roinnte go cothrom idir na múinteoirí siúd a bhí den tuairim gur fiú é agus go mbaineann na scoláirí taitneamh as agus iad siúd a raibh a

mhalairt de thuairim acu. Cuireann na freagraí ar líne in iúl freisin go dteastaíonn níos mó treorach agus MRBanna samplacha ó mhúinteoirí chun an méid atá ag teastáil a shoiléiriú. Ar an lámh eile, bhain go leor múinteoirí a raibh MRBanna déanta acu lena scoláirí úsáid as an mbosca téacs oscailte sa suirbhé chun labhairt go dearfach faoin taithí agus bhí siad sásta leis na deiseanna do rannpháirtíocht scoláirí a chuir MRBanna ar fáil.

> *'Chuir na scoláirí tionscadal dar teideal Dreaming of a Good Night's Sleep i gcrích agus thaitin sé go mór leo agus chuir sé lena muinín'.*
>
> *'Chuireamar MRB i gcrích sa dara bliain agus chlúdaigh sé drochshláinte mheabhrach agus mí-úsáid drugaí. Ba thopaicí an-ábhartha agus an-suimiúil iad seo. Ar an iomlán, mhothaigh mé gur ghlac na scoláirí úinéireacht ar a gcuid oibre agus gur oibrigh siad go maith i bpéirí'.*
>
> *'Iarradh ar scoláirí tionscadal a chur i gcrích bunaithe ar thopaic amháin, nó níos mó a rabhamar á gclúdach sa rang. Bhí solúbthacht ann maidir leis an topaic a roghnaigh siad agus maidir leis an modh a roghnaigh siad chun an tionscadal a chur i láthair. Bhain na scoláirí an-taitneamh as na tionscadail seo a chur i gcrích mar go raibh siad in ann ceisteanna a ndeachaigh chun suime leo a fhiosrú, thaitin sé leo a bheith ag obair i gcomhar lena gcomhscoláirí agus d'fhorbair siad réimse leathan scileanna le linn an phróisis'.*
>
> *'Chuir sé an-strus ar na scoláirí in éineacht lena MRBanna ar fad eile'.*

As na 437 scoláire a líon an suirbhé ar líne, dúirt 76 gur chuir siad MRB i gcrích. Dúirt a bhformhór mór acu nach n-athróidís aon rud faoin MRB agus dúirt na scoláirí siúd a chuir in iúl gur mhaith leo go n-athrófaí an MRB gur mhaith leo go gcuirfí níos mó ama ar fáil dó. Dúirt dhá thrian dóibh siúd a chuir MRBanna i gcrích an méid seo faoin MRB: *chuir sé leis an tuiscint atá acu ar thopaic*, *chuir sé ar a gcumas a gcuid foghlama a chur i láthair ar bhealach cruthaitheach* agus *chabhraigh sé leo a scileanna taighde a fhorbairt.*

# 5. Conclúid

Trí athbhreithniú a dhéanamh ar thaithí OSPS na sraithe sóisearaí le fiche bliain anuas, is léir go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le OSPS a dhaingniú mar chuid lárnach de chlár na sraithe sóisearaí. Ní chuirtear i gcoinne a thábhachta maidir le folláine scoláirí á chur chun cinn.

Chuir an t-athbhreithniú fiúntas na gceithre snáithe foghlama a leagtar amach sa ghearrchúrsa OSPS chun cinn agus chuir sé aiseolas fiúntach ar fáil maidir lena athfhorbairt. Déantar cur síos ar na príomh-mholtaí seo ar leathanaigh 13-21 den pháipéar seo agus is féidir iad a achoimriú mar a leanas:

- An aidhm agus an réasúnaíocht a athbhreithniú agus a nuashonrú chun an comhthéacs reatha a léiriú.
- Na torthaí foghlama a nuashonrú chun foghlaim faoi thopaicí atá ábhartha do shaol daoine óga sa lá atá inniu ann a chumasú.
- Níos mó soiléireachta a thabhairt do mhúinteoirí trí na torthaí foghlama do thopaicí ar cheart dul i ngleic leo, go háirithe sa réimse OCG, agus breithiúnas gairmiúil na múinteoirí agus ghuth an scoláire a chur san áireamh chun eolas a dhéanamh de theagasc agus d'fhoghlaim.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag tógáil ar an tuiscint atá acu ar thábhacht an mheasúnaithe in OSPS, lena n-áirítear tacaíocht chun MRBanna a chur i gcrích trí shamplaí d'obair scoláirí agus tacaíochtaí eile.

Má tá sé i gceist ag scoileanna an acmhainn iomlán a bhaineann le clár fiúntach agus inbhuanaithe Folláine a thógáil a bhaint amach, ní mór bonn daingin a chur faoi OSPS. Ina theannta sin, agus mar a luann an t-athbhreithniú a rinne CNCM ar OCG in 2019 agus an t-athbhreithniú deireanach ar an ngearrchúrsa OSPS, má tá sé i gceist ag múinteoirí an acmhainn iomlán a bhaineann leis an ngearrchúrsa OSPS a bhaint amach, ní mór na coinníollacha is gá chun tacú leo OSPS éifeachtach a sholáthar a chur i bhfeidhm. Teastaíonn meascán de thacaíochtaí ar leibhéal scoile agus ar leibhéal córais uaidh seo. Ar leibhéal scoile,

áirítear na tacaíochtaí a leanas a leagtar amach sa pháipéar seo agus in an-chuid tuairiscí eile leis na tacaíochtaí is gá le haghaidh OSPS níos éifeachtaí:

- sainmheitheal múinteoirí a chur i bhfeidhm agus tacaíocht a thabhairt dó
- múinteoirí a chur ar fáil chun OSPS a theagasc a léirigh suim ann agus a thug faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach OSPS
- am a chur ar fáil do phleanáil agus do chomhordú comhoibríoch OSPS
- go leor ama sceidealaithe a chur ar fáil le haghaidh OSPS do gach bliainghrúpa
- múinteoirí a spreagadh agus a chumasú chun deiseanna rialta don fhorbairt ghairmiúil leanúnach a thapú
- athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bheartais ábhartha.

I gconclúid *na Tuairisce ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta* (CNCM, 2019, lch.79) táthar ag trácht ar *'an ngá leis na hairíonna a bhaineann le réimse curaclaim atá ag streachailt eispéireas cuimsitheach bríoch a bhunú do chách a mheascadh le domhainchastacht agus cúis na deacrachta – cohórt iomlán de mhúinteoirí oilte muiníneacha a bheith in easnamh agus easpa tosaíochta a bheith ann do OSPS/OCG ar roinnt bealaí ag leibhéal scoile agus leibhéal córais.'*

Is é an curaclam an príomhbhealach trína gcinntítear comhsheasmhacht agus dul chun cinn san fhoghlaim in OSPS do scoláirí i scoileanna agus i seomraí ranga éagsúla. Ach léirigh Priestly (2019) an bhearna is féidir a bheith idir an curaclam a leagtar amach (nó atá scríofa i sonraíocht) agus an méid a theagasctar i seomraí ranga.

> *Ar leibhéal an chleachtais, úsáidtear na téarmaí a leanas in amanna: an curaclam a ndéantar cur síos air, an curaclam a chlúdaítear agus an curaclam coitianta. Baineann an chéad dá théarma leis an gcuraclam a theagasctar – an méid a dhéanann múinteoirí a theagasc dar leo, agus an méid a dhéanann siad a theagasc i ndáiríre. Baineann an curaclam coitianta le príomhghnéithe an churaclaim, is é sin le rá an méid a fhoghlaimíonn na scoláirí. Is féidir leis an gcuraclam a ndéantar cur síos air, an curaclam a chlúdaítear agus an curaclam coitianta a bheith an-difriúil leis an gcuraclam a leagtar amach, toisc gur féidir le múinteoirí beartas oifigiúil a chur in oiriúint go gníomhach chun freastal ar*

> *chúinsí áitiúla, agus de réir mar a dhéanann foghlaimeoirí a gcuid féin den eolas agus a mar a thuigeann siad an méid a theagasctar ar bhealaí an-difriúil.*

Bíonn ról tábhachtach ag sonraíochtaí curaclaim, eiseamláiriú agus doiciméid threoracha maidir le fís roinnte agus tuiscint ar an dea-chleachtas in OSPS a chruthú, rud a fhágann go mbíonn eispéiris foghlama ardchaighdeáin ag daoine óga. Bíonn ról lárnach ag rudaí eile, is iad sin plé agus comhoibriú gairmiúil (Hargreaves, 2018) maidir leis an bhfís roinnte agus an tuiscint seo a chruthú. Anuas ar ghearrchúrsa OSPS athfhorbartha don tsraith shóisearach, beidh deiseanna ag teastáil ó mhúinteoirí chun oibriú i gcomhar le chéile, chun a gcleachtas agus a dtaithí a roinnt, agus chun a bheith ag foghlaim le chéile agus iad ag dearadh eispéireas foghlama do na scoláirí ina seomraí ranga. Léiríonn sé sin conspóid de chuid Stenhouse a luaitear go minic *nach féidir aon fhorbairt curaclaim tarlú gan forbairt múinteoirí* (Stenhouse, 1975).

Táimid ag pointe cinniúnach anois. Ó Mheán Fómhair 2022, beidh gach scoil ag cur 400 uair an chloig d'fhoghlaim san Fholláine ar fáil mar chuid dá gcláir sa tsraith shóisearach. Tugann sé sin deis do scoileanna breathnú ar an soláthar do OSPS arís i gcomhthéacs riachtanais na scoláirí. Féadfaidh gearrchúrsa athfhorbartha an taithí ar OSPS a fheabhsú tuilleadh. Cuireann sé deis ar fáil ní hamháin chun sonraíocht nuashonraithe agus ábhartha a chruthú; ach chun dea-chleachtas reatha a dhaingniú agus chun tógáil air i scoileanna agus chun foghlaim agus teagasc níos éifeachtaí a chur chun cinn in OSPS na sraithe sóisearaí i ngach seomra ranga agus scoil.

# 6. Sonraíochtaí sa tsraith shóisearach

Cé go bhféadfadh saintréithe faoi leith a bheith ag roinnt acu, ag eascairt ón réimse foghlama atá i gceist, tá roinnt gnéithe comónta ag gach sonraíocht sa tsraith shóisearach, i gcás na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí. Beidh a leanas ag baint leo

- beidh siad bunaithe ar thorthaí
- léireoidh siad leanúntas foghlama ina ndírítear ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora
- leagfaidh siad amach ionchais shoiléire don fhoghlaim
- soláthróidh siad samplaí de na hionchais sin
- cuimseoidh siad fócas ar na hocht bpríomhscil
- féachfaidh siad chuige go mbíonn an teanga a úsáidtear soiléir agus an téarmaíocht leanúnach
- leagfaidh siad amach cur chuige don mheasúnú agus don tuairisciú.

Chun feabhas a chur ar an nasc le foghlaim agus le teagasc sa bhunscoil, comhroinntear na tréithe seo le Curaclam na Bunscoile. Áireofar sa tsonraíocht:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Intreoir don tsraith shóisearach | Intreoir chomónta a bheidh inti do gach sonraíocht agus tabharfar achoimre inti ar na príomhghnéithe den *Chreat don tSraith Shóisearach*. |
| 2 | Réasúnaíocht | Déanfar cur síos anseo ar chineál agus ar chuspóir an ábhair chomh maith leis na riachtanais agus na hinniúlachtaí ginearálta a bheidh ar scoláirí a léiriú agus a n-éileoidh sé orthu.<br><br>Déanfar iarracht sa téacs, mar is cuí, aird a tharraingt ar dhúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar |

| | | |
|---|---|---|
| | | a dhéanamh ar an ábhar do scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu nó do scoláirí faoi mhíchumais. |
| 3 | Aidhm | Tabharfar cur síos gonta anseo ar aidhm an ábhair. |
| 4 | Naisc le<br><br>Ráitis foghlama, Príomhscileanna agus na sé tháscaire Folláine | Aibhseofar agus míneofar anseo an chaoi a nasctar an t-ábhar le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach. |
| 5 | Forléargas<br><br>Snáitheanna<br><br>Torthaí foghlama | Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar an chaoi a n-eagraítear é agus leagfar amach ann, i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, an fhoghlaim a bhíonn i gceist. |
| 6 | Ionchais maidir le scoláirí | Beidh siad seo nasctha le grúpaí de thorthaí foghlama agus bainfidh siad le samplaí d'obair scoláirí. Cuirfear nótaí leis na samplaí, ina mínítear an bhfuil an obair ag teacht le hionchais do scoláirí, chun tosaigh orthu, nó taobh thiar díobh. |
| 7 | Measúnú agus<br><br>tuairisciú | Tagraíonn an roinn seo do mheasúnú foirmitheach agus do mheasúnú suimitheach araon. Tugtar breac-chuntas ann ar na comhpháirt(eanna) measúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise ar fhoghlaim i láthair ar bhonn leanúnach, agus ar mhaithe le gnóthachtáil a thaifeadadh le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Cuirtear treoirlínte measúnaithe aonair atá le húsáid sa dara agus sa tríú bliain leis an gcur síos seo ar mheasúnú. |

# 8. Páipéar treorach le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt OSPS sa tSraith Shóisearach

Beidh tionchar ag an athbhreithniú ar OSPS sa tSraith Shóisearach ar athfhorbairt shonraíocht an ghearrchúrsa OSPS de réir an teimpléid i gcuid 7.

Cuirfear an tsonraíocht ar fáil ag leibhéal comónta. Dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 100 uair an chloig ar a laghad agus déanfar í a struchtúrú ina snáitheanna agus ina torthaí foghlama.

Forbrófar an tsonraíocht i gcomhréir leis na ráitis foghlama (RF), lena n-áirítear roinnt díobh seo a leanas nó iad ar fad:

Maidir leis an scoláire:

- Tá feasacht aige ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh (RF 5)
- Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne (RF 7)
- Gníomhaíonn sé chun a leas féin agus leas daoine eile a chothú (RF 11)
- Tuigeann sé tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla stíle maireachtála a dhéanamh (RF 13).
- Úsáideann sé an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil (RF 24).

Le forbairt na sonraíochta nua déanfar na rudaí seo a leanas

- Cuirfear taighde agus dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse OSPS/OCG san áireamh mar aon le heispéiris mhúinteoirí agus scoláirí in Éirinn a chuir a moltaí agus a léargais in iúl trí athbhreithnithe agus trí phróisis chomhairliúcháin le déanaí

- Aithneofar conas a bhaineann an tsonraíocht nua le foghlaim laistigh de chlár Folláine na sraithe sóisearaí níos leithne agus conas a thacaíonn sí léi, fad atá sí ag seachaint na foghlama céanna nuair nach bhfuil sí cabhrach
- Déanfar príomhscileanna na sraithe sóisearaí a leabú i dtorthaí foghlama na sonraíochta agus léireofar go soiléir na naisc atá idir OSPS agus na sé tháscaire folláine
- Tabharfar aghaidh ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn: tuiscint gurb é gearrchúrsa athfhorbartha OSPS an chéad chéim maidir le curaclam comhtháite, nuashonraithe OSPS a chruthú a sholáthraíonn dul chun cinn foghlama ón luath-óige go dtí an t-oideachas uachtarach meánscoile
- Beidh sé bunaithe ar chur chuige do OSPS/OCG atá iomlánaíoch, dírithe ar an scoláire, ionchuimsitheach, oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de agus dírithe ar an scoil uile (mar a leagtar amach sa *Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna*ó CNCM, 2019)
- Cuirfear OCG i láthair mar chuid chomhtháite den churaclam OSPS
- Luafar go sonrach topaicí a aithnítear sa tuairisc seo agus sa Tuairisc ar an Athbhreithniú ar OCG ó CNCM atá tábhachtach d'fhoghlaim daoine óga inniu[3].

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas.

- Céard é aidhm agus réasúnaíocht an ghearrchúrsa OSPS sa chomhthéacs reatha?
- Conas ba cheart an cúrsa a eagrú agus an leanfaidh sé de bheith bunaithe ar a cheithre shnáithe reatha, ar na topaicí a bhaineann leis agus ar a thorthaí foghlama?
- Cé na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe (MRB) le haghaidh OSPS?

---

[3]Áirítear na topaicí a leanas sna topaicí a moltar sa Tuairisc: toiliú, cur in iúl gnéasach sláintiúil, dearfach, tionchair an idirlín agus na meán sóisialta ar chaidreamh agus ar fhéinmhuinín, pornagrafaíocht, leithcheal agus foréigean ar bhonn inscne agus gnéis, noirm agus ionchais shóisialta agus chultúrtha mar a bhaineann siad le caidreamh agus gnéasacht agus ceisteanna LADTA+.

- Conas is féidir leis an tsonraíocht scoláirí agus múinteoirí a chumasú chun cur chuige comhoibríoch, dialógach, agus machnamhach a ghlacadh maidir le teagasc agus foghlaim in OSPS?
- Conas is féidir leis an tsonraíocht a bheith solúbtha agus cáiréiseach chun freastal ar réimse comhthéacsanna scoile agus riachtanas scoláirí agus í ag cur soiléiriú ar fáil maidir leis an eolas, na scileanna, na dearcthaí agus na meonta tábhachtacha ba cheart do scoláirí a fhorbairt le linn na dtrí bliana de OSPS na sraithe sóisearaí?

Beidh obair Mheitheal Forbartha Iar-bhunscoile OSPS bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an mheitheal i mbun oibre agus plé, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a mhionleasú agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach. Cuirfear an tsonraíocht nuashonraithe i láthair don Chomhairle le haghaidh comhairliúcháin sa chéad ráithe de 2022.

# Aguisín 1: Cleachtas idirnáisiúnta in OSPS

## An Astráil

**Tá oideachas sláinte agus corpoideachais (OSC)** ar cheann de na hocht réimse staidéir i gCuraclam na hAstráile ón mBunrang go dtí Bliain a 10 (B-10) le haghaidh 5-16 bliana d'aois. Soláthraíonn Bliain 7-10 de Churaclam na hAstráile an creat foghlama do dhaoine óga idir 12-16 bliana d'aois san oideachas meánscoile.

### AIDHM AGUS RÉASÚNAÍOCHT AN OIDEACHAIS SLÁINTE AGUS CHORPOIDEACHAIS

Is é is aidhm le OSC Astrálaigh óga a chumasú chun dul i ngleic le dúshláin an tsaoil, agus chun iad a fhorbairt mar shaoránaigh shláintiúla, shábháilte agus ghníomhacha san 21ú haois a bhfuil domhan casta, neamhghníomhach agus atá ag athrú go tapa mar chomhartha sóirt aici. In OSC, forbraíonn siad na scileanna, an t-eolas, agus an tuiscint chun an tuiscint atá acu ar a nádúr féin a neartú, agus chun caidreamh sásúil, measúil a thógáil agus a bhainistiú. Foghlaimíonn siad conas forbairt a dhéanamh ar láidreachtaí agus ar bhuanna pearsanta agus pobail chun sábháilteacht agus folláine a fheabhsú agus déanann siad léirmheas ar agus ceistíonn siad tuairimí agus steiréitíopaí. Foghlaimíonn siad freisin conas úsáid a bhaint as réimse acmhainní, seirbhísí agus eagraíochtaí a bhaineann le sláinte.

Soláthraíonn OSC foghlaim ó thaithí trí churaclam a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith ábhartha, tarraingteach, comhaimseartha, gníomhach go fisiciúil, taitneamhach agus oiriúnach ó thaobh na forbartha de. Tá na nithe seo a leanas lárnach do OSC:

- sealbhú scileanna gluaiseachta, coincheap agus straitéisí a chuirfidh ar chumas an scoláire páirt a ghlacadh i réimse gníomhaíochtaí coirp go muiníneach agus go cumasach
- eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt a thacóidh le teacht aniar, tuiscint ar a nádúr féin a fhorbairt, caidreamh sásúil a thógáil agus a chothú, cinntí a dhéanamh a chuireann lena shláinte ó thaobh a shláinte agus a rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp de, agus inniúlachtaí litearthachta sláinte a fhorbairt chun a shláinte agus folláine féin mar aon le sláinte agus folláine daoine eile a fheabhsú.

## ÁBHAR AN CHURACLAIM

Roinntear OSC sa Churaclam B-10 ina dhá **shnáithe** ábhair a bhfuil baint acu lena chéile: **sláinte phearsanta, shóisialta agus phobail agus gluaiseacht agus gníomhaíocht choirp**.

Tá 10 **réimse fócais** freisin a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh siad go mór leis an gclár teagaisc agus foghlama OSC do dhaoine óga idir 12-16 bliana d'aois:

- Alcól agus drugaí eile
- Bia agus cothú
- Buntáistí sláinte na gníomhaíochta coirp
- Meabhairshláinte agus folláine
- Caidreamh agus gnéasacht
- Sábháilteacht
- Gníomhaíochtaí dúshláin agus eachtraíochta
- Cluichí agus spórt
- Gníomhaíochtaí fisiciúla ar feadh an tsaoil
- Gníomhaíochtaí rithimeacha agus léiritheacha

## LEITHDHÁILEADH AMA

Leagann treoir ón Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) gur fearr cinntí faoi eagrú agus seachadadh an churaclaim a dhéanamh ar leibhéal scoile. Ach soláthraíonn sé céatadáin tháscacha don am teagaisc agus de réir an chéatadáin tháscaigh, ba cheart 8% den am teagaisc a thabhairt do OSC. Is é seo an sciar céanna a mholtar do theangacha, agus do na healaíona, i gcomparáid le 12% don Bhéarla agus do mhatamaitic (ACARA, 2013, lch.9).

Ina theannta sin, táthar ag súil go dtabharfar deis do gach scoláire páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp ar bhonn seachtainiúil ar a laghad mar chuid den chlár OSC.

# Sasana

Is ábhar neamhreachtúil é **oideachas pearsanta, sóisialta, sláinte agus eacnamaíochta (OPSSE)** i gcuraclam Phríomhchéim 3 (scoláirí 11-14 bliana d'aois) agus tá dhá chomhpháirt reachtacha ann:

- oideachas caidrimh agus gnéis (OCG)
- oideachas sláinte: sláinte fhisiciúil agus folláine mheabhrach

## AIDHM AGUS RÉASÚNAÍOCHT

Is clár pleanáilte de dheiseanna agus d'eispéiris foghlama é OPSSE chun cabhrú le páistí agus le daoine óga fás agus forbairt mar dhaoine aonair, agus mar bhaill de theaghlaigh agus de phobail shóisialta agus eacnamaíocha. Meastar gur cuid thábhachtach agus riachtanach d'oideachas daoine óga é agus táthar ag súil go ndéanfaidh gach scoil gnéithe reachtúla agus neamhreachtúla araon a theagasc. Leagann an Curaclam Náisiúnta amach 'gur cheart do gach scoil soláthar do OPSSE a dhéanamh agus leas a bhaint as an dea-chleachtas' (An Roinn Oideachais, 2020a). Cé go spreagtar scoileanna chun a gclár áitiúil OPSSE a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais a scoláirí, 'táimid ag súil go mbainfidh scoileanna leas as a gclár OPSSE chun tuiscint mhaith ar rioscaí agus an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a thabhairt do scoláirí chun cinntí sábháilte agus feasacha a dhéanamh'[4].

Is é is aidhm le OPSSE 'curaclam tomhaiste agus leathan' a sholáthar, a chuireann 'forbairt spioradálta, mhorálta, chultúrtha, mheabhrach agus fhisiciúil an scoláire ar scoil agus na sochaí chun cinn, agus a ullmhaíonn an scoláire do dheiseanna, do fhreagrachtaí agus d'eispéiris an tsaoil amach anseo'.

[4] https://www.gov.uk/government/publications/personal-social-health-and-economic-education-pshe/personal-social-health-and-economic-pshe-education

## ÁBHAR AN CHURACLAIM

Taobh amuigh de riachtanais reachtúla OCG agus an oideachais sláinte, ní chuireann an Roinn Oideachais creataí caighdeánaithe nó cláir staidéir ar fáil do OPSSE. Táthar ag súil go gcuirfidh sé sin solúbthacht ar fáil do mhúinteoirí chun cláir ardchaighdeáin OPSSE a sheachadadh, toisc gurb iadsan 'a thuigfidh is fearr riachtanais a scoláirí agus nach dteastaíonn treoir lárnach bhreise uathu' (An Roinn Oideachais, 2020).

Ach tá an Roinn Oideachais ag súil go mbainfidh scoileanna leas as a gclár OPSSE chun tuiscint mhaith ar rioscaí agus an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a thabhairt do scoláirí chun cinntí sábháilte agus feasacha a dhéanamh'.

### Clár staidéir

Tacaíonn an PSHE Association le scoileanna a gcuraclam OPSSE fhorbairt. Tá clár staidéir do OPSSE a chlúdaíonn Príomhchéimeanna 1-5 (scoláirí 5-18 mbliana d'aois) forbartha aige.

I bPríomhchéim 3 (11-14 bliana d'aois), leagtar an clár amach faoi thrí phríomhthéama:

- Sláinte agus folláine, a chlúdaíonn
    - féinbhraistint
    - meabhairshláinte agus folláine mhothúchánach
    - stíleanna maireachtála sláintiúla
    - drugaí, alcól agus tobac
    - rioscaí agus sábháilteacht phearsanta a bhainistiú
    - caithreachas agus sláinte ghnéis
- Caidreamh, a chlúdaíonn
    - caidreamh atá dearfach
    - luachanna caidrimh
    - caidreamh measúil a fhorbairt agus a chothú
    - toiliú
    - frithghiniúint agus tuismitheoireacht
    - bulaíocht, mí-úsáid agus leithcheal

    - tionchair shóisialta.
- Ag maireachtáil sa domhan mór, a chlúdaíonn
    - scileanna foghlama
    - roghanna agus conairí
    - obair agus gairm
    - cearta agus freagrachtaí fostaíochta
    - roghanna airgeadais
    - litearthacht sna meáin agus athléimneacht dhigiteach.

## LEITHDHÁILEADH AMA

Leagann reachtaíocht (an tAcht Oideachais 2002) amach nach leagfaidh an Rialtas amach an méid ama a thabharfar d'ábhair aonair sa Churaclam Náisiúnta; dá bharr sin, níl treoir ann maidir leis an méid ama a thabharfar do OPSSE.

# An Nua-Shéalainn

## AIDHM AGUS RÉASÚNAÍOCHT

**Tá oideachas sláinte agus corpoideachais (OSC)** ar cheann d'ocht réimse staidéir i gCuraclam na Nua-Shéalainne. Tá sé mar aidhm aige daoine óga a chumasú chun an t-eolas, na luachanna, agus na hinniúlachtaí a fhorbairt chun saol iomlán agus gníomhach a bheith acu, agus chun freagracht a ghlacadh as a bhfolláine féin agus folláine a bpobal a fheabhsú. Cuirtear béim ar chabhrú le scoláirí chun go bhforbróidís ina 'bhfoghlaimeoirí muiníneacha, nasctha, gníomhacha, agus fadsaoil' (de réir aidhmeanna uileghabhálacha an churaclaim), atá réidh chun cur leis an domhan, agus chun gníomhú ar son folláine a fheabhsú tríd an bhfoghlaim i gcomhthéacsanna a bhaineann le sláinte agus le gluaiseacht.

Cuireann OSC ar chumas na scoláirí athléimneacht agus braistint freagracht phearsanta agus shóisialta a fhorbairt ionas go gcuirfidh siad le folláine daoine mórthimpeall orthu, folláine a bpobal, folláine a dtimpeallachtaí (lena n-áirítear timpeallachtaí nádúrtha), agus folláine na sochaí níos leithne, mar a éiríonn siad níos ábalta freagracht a ghlacadh astu féin.

Tá an réimse staidéir OSC bunaithe ar cheithre bhunchoincheap idirspleácha:

- Hauora – fealsúnacht Māori folláine ina bhfuil gnéithe a bhaineann le folláine spioradálta, mheabhrach agus folláine mhothúchánach, fhisiciúil, agus shóisialta.
- Dearcthaí agus luachanna – dearcadh dearfach, freagrach ag na scoláirí maidir lena bhfolláine féin; meas, aire, agus imní i leith daoine eile agus i leith na timpeallachta; agus tuiscint ar an gceartas sóisialta.
- An pheirspictíocht shoch-éiceolaíoch – bealach chun breathnú ar idirchaidreamh idir an duine aonair, daoine eile, agus an tsochaí agus chun idirchaidreamh mar sin a thuiscint.
- Sláinte a chur chun cinn – próiseas a chuireann le timpeallachtaí tacúla fisiciúla agus mothúchánacha a chothú agus ina mbíonn scoláirí páirteach i ngníomh pearsanta agus i dteannta a chéile.

## ÁBHAR AN CHURACLAIM

Tá trí ábhar éagsúla in OSC ach a bhfuil baint acu le chéile - oideachas sláinte, corpoideachas, agus eacnamaíocht bhaile, a bhfuil creat coincheapúil agus cuspóirí gnóthachtála acu.

Tá na gníomhaíochtaí foghlama bunaithe ar chomhtháthú na g**ceithre choincheap** de Hauora, dearcthaí agus luachanna, an pheirspictíocht shoch-éiceolaíoch, agus sláinte a chur chun cinn (thuas), ar **cheithre shnáithe curaclaim** agus a gcuspóirí foghlama, agus ar **sheacht bpríomhréimse foghlama**.

Is iad na **ceithre shnáithe**:

- Sláinte phearsanta agus forbairt fhisiciúil, ina bhforbraíonn an scoláire an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, agus na dearcthaí a theastaíonn uaidh chun a fholláine phearsanta agus a fhorbairt fhisiciúil a chothú agus a fheabhsú. Áirítear na nithe seo a leanas leis sin -
    - fás agus forbairt phearsanta
    - gníomhaíocht choirp rialta
    - bainistíocht sábháilteachta
    - féiniúlacht phearsanta.
- Coincheapa gluaiseachta agus scileanna luaile, ina bhforbraíonn an scoláire scileanna luaile, eolas agus tuiscint ar ghluaiseacht, agus dearcthaí dearfacha i leith ghníomhaíocht choirp. Áirítear na nithe seo a leanas leis sin -
    - scileanna gluaiseachta
    - dearcthaí dearfacha
    - eolaíocht agus teicneolaíocht
    - dúshláin agus gnéithe sóisialta agus cultúrtha.
- Caidreamh le daoine eile, ina bhforbraíonn an scoláire tuiscint, scileanna, agus dearcthaí a chuireann lena idirghníomhaíochtaí agus lena chaidreamh le daoine eile. Áirítear na nithe seo a leanas leis sin -
    - caidreamh
    - féiniúlacht, cáiréis agus meas
    - scileanna idirphearsanta.

- Pobail agus timpeallachtaí sláintiúla, ina gcuireann an scoláire le pobail agus le timpeallachtaí sláintiúla trí ghníomh freagrach agus ríthábhachtach a dhéanamh. Áirítear na nithe seo a leanas leis sin -
    - dearcthaí agus luachanna na sochaí
    - acmhainní pobail
    - cearta, freagrachtaí agus dlíthe
    - daoine agus an timpeallacht

Is iad na **seacht bpríomhréimse foghlama**:

- meabhairshláinte
- oideachas gnéasachta
- bia agus cothú
- cúram coirp agus sábháilteacht phearsanta
- gníomhaíocht choirp
- staidéar spóirt
- oideachas allamuigh.

Áirítear na seacht réimse ar fad i gcláir theagaisc agus foghlama ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile araon. Táthar ag súil freisin go mbeadh deiseanna ag gach scoláire scileanna praiticiúla cócaireachta a fhoghlaim faoi dheireadh Bhliain 8 (oideachas meánscoile, 13 bliana d’aois).

Níl aon treoir ar fáil maidir le méid an ama a thugtar do theagasc an chláir.

# Albain

## AIDHM AGUS RÉASÚNAÍOCHT

Tá oideachas sláinte agus folláine ar cheann d'ocht réimse curaclaim de Curriculum for Excellence. Baineann an tríú leibhéal de *Curriculum for Excellence* (CfE) le scoláirí Meánscoile i mBliain 1-3 (12-15 bliana d'aois).

Tá foghlaim san **oideachas sláinte agus folláine/oideachas pearsanta agus sóisialta (OSF/OPS)** deartha chun a chinntiú go bhforbraíonn daoine óga an t-eolas agus an tuiscint, na scileanna, an athléimneacht, na hinniúlachtaí agus na buanna a theastaíonn uathu dá bhfolláine mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus fhisiciúil anois agus amach anseo.

Trí theagasc OSF/OPS, is féidir le daoine óga a bheith ag súil go dtacóidh a dtimpeallacht foghlama leo chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- féinfheasacht, féinmhuinín agus meas do dhaoine eile a fhorbairt
- dúshláin a shárú, athrú a bhainistiú agus caidreamh a thógáil
- gnóthachtáil phearsanta a bheith acu agus athléimneacht agus muinín a thógáil
- folláine fhisiciúil, mheabhrach agus spioradálta agus scileanna sóisialta a thuiscint agus a fhorbairt
- tuiscint a bheith acu ar an tionchar a bhíonn ag céard a itheann siad, cé chomh gníomhach atá siad agus conas a dhéanann siad cinntí faoina n-iompar agus faoina gcaidreamh ar a bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach
- páirt a ghlacadh i réimse leathan gníomhaíochtaí a chuireann saol sláintiúil chun cinn
- tuiscint a bheith acu ar an bhfreagracht atá ag daoine fásta sa phobal scoile aire a thabhairt dóibh, éisteacht leis na rudaí atá ag déanamh imní dóibh agus daoine eile a thabhairt isteach nuair is gá
- foghlaim faoi na háiteanna inar féidir leo cabhair agus acmhainní a fháil chun bonn eolais a chur faoina roghanna
- rioscaí a mheas agus a bhainistiú agus tuiscint a bheith acu ar thionchar an iompair chontúirtigh

- machnamh a dhéanamh ar a mbuanna agus ar a scileanna chun cabhrú leo roghanna feasacha a dhéanamh agus iad ag pleanáil na gcéad chéimeanna eile
- éagsúlacht a aithint agus a thuiscint go mbíonn sé de fhreagracht ar gach duine dul i ngleic leis an leithcheal

## ÁBHAR AN CHURACLAIM: RÉIMSE CURACLAIM NA SLÁINTE AGUS NA FOLLÁINE

Roinntear réimse curaclaim na sláinte agus na folláine ina sé fho-réimse/shnáithe:

1. folláine mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus fhisiciúil - roinntear iad sna codanna a leanas: folláine mheabhrach agus mhothúchánach; folláine shóisialta; folláine fhisiciúil
2. ag pleanáil le haghaidh roghanna agus athruithe
3. corpoideachas, gníomhaíocht choirp agus spórt - roinntear iad sna codanna a leanas:
    - corpoideachas lena n-áirítear scileanna gluaiseachta, inniúlachtaí agus coincheapa; comhoibriú agus iomaíocht; meastóireacht agus tuiscint
    - gníomhaíocht choirp agus spórt
    - gníomhaíocht choirp agus sláinte
4. bia agus sláinte - roinnte sna codanna a leanas: cothú; cleachtais shábháilte agus shláinteachais; bia agus an t-iteoir)
5. mí-úsáid substaintí
6. caidreamh, sláinte ghnéis agus tuismitheoireacht (CSGT).

Déantar na réimsí a leanas a theagasc i gceachtanna sceidealaithe ar leith: ag pleanáil le haghaidh roghanna agus athruithe, bia agus sláinte; mí-úsáid substaintí; caidreamh, sláinte ghnéis agus tuismitheoireacht, agus gnéithe de ghníomhaíocht choirp, spórt agus sláinte. Tá gach múinteoir freagrach as folláine mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus fhisiciúil; gnéithe breise den phleanáil le haghaidh roghanna agus athruithe; agus gnéithe breise de chaidreamh agus déantar iad a theagasc de réir riachtanais na sláinte agus na folláine ar fud na foghlama.

Is iad na heispéiris agus torthaí le haghaidh sláinte agus folláine agus na tagarmharcanna náisiúnta le haghaidh oideachas pearsanta agus sóisialta, an dá phríomh-acmhainn in

*Curriculum for Excellence* a thacaíonn le múinteoirí an fhoghlaim, an teagasc agus an measúnú in oideachas sláinte agus folláine/oideachas pearsanta agus sóisialta (OSF/OPS) a phleanáil.

Leis na tagarmharcanna le haghaidh sláinte agus folláine/oideachas pearsanta agus sóisialta do Mheánscoil 1-3 (12-15 bliana d'aois), leagtar amach na riachtanais ábhair sceidealaithe mar seo a leanas:

- Ag pleanáil le haghaidh roghanna agus athruithe - an méid atáthar ag súil leis agus spriocanna; ábharthacht na foghlama i leith roghanna amach anseo
- Gníomhaíocht choirp agus sláinte - réim bia, scíth agus codladh
- Mí-úsáid substaintí - úsáid substaintí; roghanna feasacha; iompar contúirteach; ag gníomhú i gcásanna contúirteacha
- Caidreamh, sláinte ghnéis agus tuismitheoireacht - caidreamh dearfach; athruithe fisiciúla; sláinte ghnéis agus gnéasacht; ról an tuismitheora/an chúramóra.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE AR FUD NA FOGHLAMA

Tá sé i gceist ag an bhfoghlaim trí shláinte agus trí fholláine muinín, smaointeoireacht neamhspleách agus dearcthaí agus meonta dearfacha a chur chun cinn. Mar gheall air sin, tá sé de fhreagracht ar gach múinteoir cur le foghlaim agus le forbairt sa réimse seo. Health and Wellbeing Across Learning: Responsibilities of All (Rialtas na hAlban), leis an doiciméad seo táthar ag súil go gcuirfidh gach múinteoir i Meánscoil 1-3 (S1-S3) sláinte agus folláine chun cinn, agus go dtabharfaidh siad aird ar leith ar thrí réimse:

- Folláine mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus fhisiciúil, a meastar a bheith riachtanach chun go n-éireoidh leis an bhfoghlaim.
- Ag pleanáil le haghaidh roghanna agus athruithe (na scileanna agus na buanna a fhorbairt a theastóidh uathu don fhoghlaim, don saol agus don obair)
- Caidreamh, a bhfuil sé i gceist aige a chur ar chumas na bhfoghlaimeoirí na buanna agus na scileanna a fhorbairt chun caidreamh dearfach a chothú.

## LEITHDHÁILEADH AMA

Le *Curriculum for Excellence*, leagtar amach na rudaí ba cheart a bheith ar chumas duine óig a dhéanamh agus na heispéiris a chuireann lena chuid foghlama, in ionad sainmhínithe mionsonraithe ar ábhar nó uaireanta staidéir atá leagtha síos.

## TAGAIRTÍ DO CHURACLAIM IDIRNÁISIÚNTA

### AN ASTRÁIL

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (2015). *Health and Physical Education: Sequence of Content F-10* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiancurriculum.edu.au/media/6633/health_and_physical_education_-_sequence_of_content.pdf

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (2013). *Curriculum Design Paper: Version 3.1* [ar líne]. Ar fáil: https://docs.acara.edu.au/resources/07_04_Curriculum_Design_Paper_version_3_1_June_2012.pdf

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA). *F-10 Curriculum Health and Physical Education* [ar líne]. Ar fáil: https://australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/health-and-physical-education/?strand=Personal,+Social+and+Community+Health&strand=Movement+and+Physical+Activity&capability=ignore&priority=ignore&elaborations=true (rochtain ar an 14 Aibreán 2021)

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (gan dáta). *F-10 Curriculum Health and Physical Education: Structure* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/health-and-physical-education/structure/

### SASANA

Department for Education (DfE) (2020a). *Guidance: Personal, Social, Health and Economic (PSHE) Education* [ar líne]. Ar fáil: https://www.gov.uk/government/publications/personal-social-health-and-economic-education-pshe/personal-social-health-and-economic-pshe-education

Department for Education (DfE) (2020b). *Guidance: Relationships and Sex Education (RSE) (Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://www.gov.uk/government/publications/relationships-education-relationships-and-sex-education-rse-and-health-education/relationships-and-sex-education-rse-secondary

Department for Education (DfE) (2020c). *Guidance: Physical Health and Mental Wellbeing (Primary and Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://www.gov.uk/government/publications/relationships-education-relationships-and-sex-education-rse-and-health-education/physical-health-and-mental-wellbeing-primary-and-secondary

PSHE Association (2020). *Programme of Study for PSHE Education: Key Stages 1-5* [ar líne]. Ar fáil: https://www.pshe-association.org.uk/curriculum-and-resources/resources/programme-study-pshe-education-key-stages-1%E2%80%935

## AN NUA-SHÉALAINN

Ministry of Education (2014). *The New Zealand Curriculum Online: Health and Physical Education* [ar líne]. Ar fáil: https://nzcurriculum.tki.org.nz/The-New-Zealand-Curriculum/Health-and-physical-education

Ministry of Education (gan dáta). *Health and Physical Education Online* [ar líne]. Ar fáil: https://health.tki.org.nz/

## ALBAIN

Education Scotland (2017). *Benchmarks: Personal and Social Education* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/improvement/documents/hwbpersonalsocial%20educationbenchmarkspdf.pdf

Rialtas na hAlban (2019). *Review of Personal and Social Education: Preparing Scotland's Children and Young People for Learning, Work and Life* [ar líne]. Ar fáil: https://www.gov.scot/publications/review-personal-social-education-preparing-scotlands-children-young-people-learning-work-life/pages/2/

Rialtas na hAlban (2008). Curriculum for Excellence. Building the Curriculum 3: a Framework for Learning and Teaching [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/Documents/btc3.pdf

Rialtas na hAlban (gan dáta). *Curriculum for Excellence: Health and Wellbeing Across Learning: Responsibilities of all. Experiences and Outcomes* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/Documents/hwb-across-learning-eo.pdf

Rialtas na hAlban (gan dáta). *Curriculum for Excellence: Health and Wellbeing. Experiences and Outcomes* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/Documents/health-and-wellbeing-eo.pdf

# Aguisín 2: Ceisteanna agallaimh do mhúinteoirí

C 1 An gcuireann do scoil an gearrchúrsa OSPS ar fáil? **Má roghnaigh siad 'cuireann', téigh chuig C 2,3,4,5, srl.**

Má roghnaigh siad **'ní chuireann'**, fiafraigh díobh céard atá ag treorú an teagaisc agus na foghlama agus cérbh é an fhoghlaim is úsáidí/is ábhartha dá scoláirí in OSPS na sraithe sóisearaí, dar leo?

Ansin, téigh chuig C 6

C 2 Ag breathnú ar aidhm agus ar réasúnaíocht an chúrsa – an gcuireann sé na rudaí tábhachtacha in iúl? An gcaithfear an aidhm agus/nó an réasúnaíocht a nuashonrú nó a athdhíriú ar aon bhealach? Mínigh an fáth(anna) a gceapann tú é sin.

C 3 – Ag breathnú ar na 4 shnáithe – an é seo an bealach is fearr chun an fhoghlaim thábhachtach in OSPS a eagrú – an bhfuil aon mholtaí agat maidir leis na réimsí foghlama a eagrú nó a ainmniú ar bhealach difriúil?

C 4 – Ag breathnú ar na torthaí foghlama i ngach snáithe –

a. An bhfuil aon ní in easnamh nó topaicí a gcaithfear níos mó béime a leagan orthu nó a chur leo go soiléir?

b. An bhfuil aon torthaí foghlama faoi leith atá doiléir nó achrannach?

c. An bhfuil aon torthaí foghlama faoi leith a d'oibrigh go maith? Mínigh an fáth(anna) a gceapann tú é sin.

C 5. Céard mar gheall ar phleanáil ag baint úsáid as na torthaí foghlama? An bhfuil sé sin ag oibriú? Cén fáth a raibh/nach raibh? Céard iad na deiseanna agus dúshláin a bhí romhat? An bhfuil roinn ábhair do OSPS ann agus an bhfaigheann tú am chun pleanáil chomhoibríoch a dhéanamh?

C 6 Ag smaoineamh ar cheist na hionchuimsitheachta, dar leat, an bhfuil an cúrsa seo inrochtana agus ábhartha do scoláirí as gach cúlra agus de gach cumas/míchumas?

C 7 Cén t-aiseolas ba mhaith leat a thabhairt dúinn maidir le tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe (MRB)? Leideanna – i do thuairim, an raibh na Treoirlínte ina gcabhair duit nó an bhfuil aon rud in easnamh? Ó thaobh na scoláirí de, cén cineál taithí a bhí acu?

C 8 Cén t-aiseolas atá agat ar do thaithí ar bheith rannpháirteach i gcruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) do OSPS (má bhí AFMÁ agat)

C 9 Ar tháinig athrú ar an mbealach a ndéanann tú measúnú agus mar a thuairiscíonn tú ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil in OSPS do scoláirí agus do thuismitheoirí mar gheall ar an tSraith Shóisearach nua?

C 10 Ar spreag tú na scoláirí le dialann foghlama a choinneáil? An raibh sí úsáideach?

C 11. Ar deireadh, céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis an ngearrchúrsa a theagasc go dtí seo? Agus i gcás na múinteoirí nach mbíonn ag teagasc an ghearrchúrsa, céard iad na buanna agus na dúshláin dóibh a bhain le OSPS na sraithe sóisearaí a theagasc?

Aon ráitis nó mholtaí eile maidir le conas is féidir an gearrchúrsa seo a fheabhsú?

# Tagairtí

Burtenshaw, R. (2003) *Report from the Review of Social, Personal and Health Education at Junior Cycle by the SPHE Support Service Post-Primary*

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) *Ag breathnú ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Teagasc agus Foghlaim in Iar-bhunscoileanna*

An Roinn Oideachais agus Scileanna, (2015) *Creat don tSraith Shóisearach*

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017) *An Suirbhé um Scileanna Saoil*

Hargreaves A. & O'Connor M (2018) *Leading collaborative professionalism,* Centre for Strategic Education. Ar fáil ag http://www.andyhargreaves.com/uploads/5/2/9/2/5292616/seminar_series_274-april2018.pdf

Keating S, Morgan M & Collins B (2018) *Relationships and Sexuality Education (RSE) in Primary and Post-Primary Irish Schools: A Research Paper,* CNCM

Maynock P, Kitching K, & Morgan M (2007) *Relationships and Relationships and Sexuality Education (RSE) in the Context of Social, Personal and Health Education (SPHE) An Assessment of the Challenges to Full Implementation in Post-primary Schools*

Moynihan S & McNamara M (2012) *The Challenges of Implementing Social, Personal and Health Education in the Current Post-primary School System*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2003) *Social Personal and Health Education at Senior Cycle: Discussion Paper,* CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2011) *Creat Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte na Sraithe Sinsearaí*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2016) *Gearrchúrsa OSPS: An tsonraíocht le haghaidh na sraithe sóisearaí*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) *Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2021) *Treoirlínte maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach* (nuashonraithe)

Nic Gabhainn S (2007) *The Implementation of SPHE at Post-Primary School Level: A Case Study Approach*

Nic Gabhainn S, O'Higgins S, Barry M (2010) *The implementation of social, personal and health education in Irish schools*

*ECFE* (2017) Programme for International Student Assessment (PISA) 2015

Priestly M (2019) *Curriculum: concepts and approaches*
Ar fáil ag https://mrpriestley.wordpress.com/2019/01/04/curriculum-concepts-and-approaches/

Roe S (2010) *Life Skills Matter – Not Just Points*: *A Survey of Implementation of Social, Personal and Health Education (SPHE) and Relationships and Sexuality Education (RSE) in Second-level Schools*

Stenhouse L (1975) *An introduction to curriculum research and development*